An Bord Pinsean
The Pensions Board

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2009

www.pensionsboard.ie

Clár Ábhair

Ról agus feidhmeanna An Bhoird Phinsean	2
Ráiteas misin	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	4
An Bord Pinsean	7
Maoirsiú	
Rialáil	8
Seirbhísí dlíthiúla, achtúireacha agus polasaí	13
Seirbhísí faisnéise agus fiosrúcháin	15
Seirbhísí corparáideacha	18
Foireann an Bhoird Phinsean	19
Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009	
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	22
Ráiteas ar dhualgais an Bhoird	24
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	25
Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta	26
Cuntas ioncaim agus caiteachais	27
Clár comhardaithe	28
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	29
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	30
Ráiteas um íocaíocht pras na gcuntas	38
Aguisíní	
Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha – treoir léargais	40
Aguisín II – Fiosrúcháin faighte ag an mBord agus próifíl an fhiosraitheora	44
Aguisín III – Plean Gníomhaíochta Custaiméara	46
Aguisín IV – Giorrúcháin	48

Ról agus feidhmeanna An Bhoird Phinsean

Bunaíodh an Bord Pinsean faoi fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ("An tAcht") mar chomhlacht ionadaíoch, ar a bhfuil cathaoirleach agus 16 ghnáthbhall ceaptha ag an Aire Coimirce Sóisialaí.

Sainmhíníonn an tAcht feidhmeanna an Bhoird mar seo a leanas:

- chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar Acht na bPinsean agus forbairt pinsean go ginearálta, lena n-áirítear Conarthaí Blianachta Scoir (RACanna) agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)
- chun treoirlínte nó nótaí treoracha a eisiúint ar dhualgais agus freagrachtaí na n-iontaobhaithe de scéimeanna agus de chóid cleachtais maidir le gnéithe sonracha dá gcuid freagrachtaí
- chun treoirlínte nó nótaí treoracha ginearálta a eisiúint bunaithe ar fheidhmiú Acht na bPinsean
- chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do sholáthar áiseanna feiliúnacha d'iontaobhaithe scéimeanna
- chun comhairle a chur ar an Aire faoi nithe a bhaineann le feidhmeanna bronnta ar an mBord faoin Acht agus nithe a bhaineann le pinsin go ginearálta, mar aon le tascanna a d'fhéadfadh an tAire a lorg, ó am go ham.

Ráiteas misin

An misean atá ag an mBord Pinsean ná chun:

- slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus, RACanna iontaobhaí agus ranníocóirí Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta a chur chun cinn de réir an Achta
- cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt struchtúr éifeachtach náisiúnta pinsin
- cur chun cinn a dhéanamh ar leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir a bheith acu
- eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do na páirtithe ábhartha maidir le slándáil, struchtúir agus páirteachas pinsean.

Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais dom, de réir Alt 23 d'Acht na bPinsean, 1990, Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Phinsean a sholáthar don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Ba dhúshlánach an bhliain arís í 2009 maidir le cúrsaí pinsean. In ainneoin gur éirigh go réasúnta maith le cistí pinsean sa bhliain 2009, níor leor an méid airgid i gceist chun na caillteanais shuntasacha infheistíochta tabhaithe in 2007 agus 2008 a fhritháireamh. Dá thoradh sin, tá scéimeanna sochair sainmhínithe fós ag dul i ngleic le heasnaimh agus d'fhéadfadh go leor ball scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe a bheith thíos leis seo ar fad agus go mbeadh ioncaim scoir níos ísle á fháil acu dá dheasca. Ba iad na deacrachtaí seo – ar chur an cor chun donais sa gheilleagar leo – a bhí mar bhonn le hobair an Bhoird in 2009.

Tá cur chuige nua maoirseachta riosca-bhunaithe I measc príomh-gníomhaíochtaí an bhoird ó ceapadh é I 2005. I measc na príomh-nuálaíochtaí, éascaithe ag athrú reachtach, tá réimeas nua maidir le fíneáil ar an láthair i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2007. De réir an réimis seo, arb ionann é agus cur chuige éifeachtach i ndáil le hionchúiseamh cionta áirithe faoi Acht na bPinsean, tá 41 fíneáil ar an láthair eisithe ag an mBord go dtí seo. I ndáil le cionta níos tromchúisí, táthar ag leanúint leis an ionchúiseamh agus d'éirigh go breá le 3 chás a tógadh in 2009. Príomhnuálaíocht eile, a mhol an Bord ina thuarascáil ar an múnla iontaobhaíochta in 2006, ba ea tús a chur le riarachán scéime agus riarthóirí a rialáil ó mhí na Samhna 2008 anonn. Ag féachaint amach romhainn, leagfar béim faoi leith ar riarthóirí cláraithe ón taobh maoirseachta de sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Tá aird tarraingthe agam roimhe seo ar an imní a bhí ar an mBord faoi asbhaint, ach ní neamh-íocaíocht, ranníocaíochtaí scéime pinsin fostaithe faoi Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála. Glacann an Bord leis gurb ionann é seo agus goid airgead na bhfostaithe agus tá an Bord ag déileáil go leanúnach leis na cásanna seo agus é mar aidhm an t-airgead a chur ar ais sa scéim. Sa chás go dteipeann ar an mBord é seo a dhéanamh beidh ionchúisimh i gceist. Tá na nithe seo curtha in iúl don Gharda Síochána agus, de réir mar is cuí, d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Tá gá ann go mbeadh dóthain acmhainní ag rialtóirí atá ag obair san earnáil airgeadais – leithéidí an Bhoird – ionas gur féidir leo monatóireacht agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar aonáin agus ar tháirgí rialaithe. Baineann tábhacht ach go háirithe lena chinntiú go bhfuil dóthain comhaltaí foirne leis an raon cuí saineolais le tabhairt faoi na feidhmeanna tábhachtacha éagsúla. Ní seo an staid ina bhfuil An Bord Pinsean faoi láthair. Tá sé ríthábhachtach, dá réir sin, go mbeadh dóthain comhaltaí foirne ag an mBord agus is féidir é a bhaint amach gan costas díreach ar bith a bheith ar an gcáiníocóir. Ceist ríthábhachtach is ea nach mór na hacmhainní cuí a údarú don Bhord.

Fáiltím roimh fhoilsiú an Chreata Náisiúnta Pinsean, foilsithe ag an Rialtas i mí an Mhárta seo caite. Is ionann an Creat seo agus céim shuntasach chun cinn i mbeartas pinsean. Mar chreat beartais, beidh sé riachtanach obair shuntasach a dhéanamh chun é a fhorbairt agus tá an Bord ag súil le cur le hobair an Ghrúpa Forfheidhmithe amach anseo. Bheinn féin ag súil go gciallóidh forfheidhmiú an Chreata go mbeidh ar chumas na hÉireann sna fiche bliain amach romhainn a chinntiú go mbeidh pinsean forlíontach de chineál éigin le fáil ag formhór na n-oibrithe nó na hoibrithe ar fad nuair a théann siad ar scor i gcomparáid le cúrsaí mar atá i láthair na huaire - ní chumhdaítear ach leath den lucht oibre faoi réir socruithe den chineál sin. Tá deis ann an méid a rinne scolaíocht dara leibhéil saor in aisce i 1967 do oideachas a dhéanamh do phinsean.

Ó tharla go bhfuiltear ag teannadh le deireadh téarma ceapacháin an Bhoird reatha is é seo an tuarascáil dheireanach uaimse mar Chathaoirleach. Bhí cúig bliana dhúshlánacha ag an mBord agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don obair a rinne mo chomhghleacaithe Boird, lena n-áirítear na hiarbhaill Anne Vaughan, William Beausang agus Kevin Brabazon agus an t-iar-Phríomhfheidhmeannach, Anne Maher Uasal. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Tom Wright a cailleadh go tragóideach sa bhliain 2007.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird as an obair agus as an tiomantas atá léirithe acu le cúig bliana anuas agus ba mhaith liom buíochas ach go háirithe a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Brendan Kennedy as an ngairmiúlacht agus as an gceannaireacht atá léirithe aige.

Ar deireadh, ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Aire Éamon Ó Cuív T.D. mar Aire na Roinne Coimirce Sóisialaí nua. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Mary Hanafin T.D., as ucht a cuid tacaíochta i rith a tréimhse mar Aire agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hoifigigh uile sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna Rialtais eile as ucht a gcuid tacaíochta leanúnach. Glaicim leis an deis seo gach rath a ghuí ar an té a thiocfaidh mar chomarba orm dá t(h)réimhse.



Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba bhliain gnóthach agus dúshlánach í 2009 don Bhord agus dá fhoireann. Tá na gnéithe éagsúla ar tharraing mé aird orthu sna ráitis bhliantúla éagsúla roimhe seo fós ábhartha.

Cuireann pinsin ghairme leis an bpinsean a sholáthraíonn an Stát. Is é an dúshlán a bhaineann le pinsin fhorlíontacha ná ioncam oiriúnach, sásúil, intuartha a sholáthar ar chostas réasúnta. D'fhonn an dúshlán seo a shárú, ní mór ar dtús go mbeadh tuiscint réalaíoch againn ar an gcostas a bhaineann le pinsin. Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh cothromaíocht chuí idir an leibhéal ranníocaíochtaí agus straitéis infheistíochta agus riosca gaolmhar. Is léir bunaithe ar an méid tharla do phinsin in Éirinn le blianta beaga anuas, idir scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe agus scéimeanna sochair sainmhínithe, nach bhfuil an chothromaíocht seo ann go fóill.

In ainneoin torthaí maithe ar infheistíocht i ndáil le gach scéim in 2009, measann an Bord go bhfuil thart ar 75% de scéimeanna sochair sainmhínithe fós in easnamh ag deireadh 2009, agus i gcásanna go leor, easnamh suntasach atá i gceist.

Sholáthair na torthaí infheistíochta le haghaidh 2009 faoiseamh éigin do bhaill scéimeanna pinsean. Is ábhar imní, áfach, an tslí inar baineadh amach na torthaí seo. Bhí scéimeanna pinsin in Éirinn thíos leis de thoradh caillteanas suntasach idir 2007 agus tús 2009 mar gheall ar na rioscaí suntasacha infheistíochta a bhí i gceist. Sna blianta nuair a bhí na torthaí infheistíochta ard, níor cheistigh a dóthain daoine na cineálacha rioscaí a bhí i gceist chun na torthaí seo a chinntiú. Níor mheas dóthain scéimeanna sochair sainmhínithe an raibh a straitéisí infheistíochta feiliúnach bunaithe ar dhliteanais na scéimeanna nó an raibh na rioscaí i gceist comhsheasmhach le hacmhainn nó le toilteanas an fhostóra urraithe aon chaillteanais a fhrithghealladh.

Ó tháinig caillteanais infheistíochta chun solais in 2007, tá go leor cainte déanta maidir leis an riosca pinsin a laghdú agus tá bearta ar leith curtha i gcrích ag scéimeanna áirithe chuige seo. Is léir, áfach, ó na sonraí ar fad atá ar fáil, nach bhfuil athrú suntasach tagtha go fóill ar leithdháileadh comhiomlán scéimeanna sochair sainmhínithe na hÉireann. In 2007, léirigh sonraí curtha ar fáil ag an mBord nach raibh gaol soléirithe ar bith idir dliteanais agus infheistíochtaí scéimeanna sochair sainmhínithe, ainneoin oibleagáidí iontaobhaithe faoin Acht agus faoi dhlí na n-iontaobhas go ginearálta. Is léir ón iniúchadh a rinneamar in 2009 gur beag athrú a tharla. Baineann an imní chéanna le scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe: is beag laghdú riosca atá le tabhairt faoi deara sna cistí ar infheistigh go leor comhaltaí iontu. Is deacair a sheachaint gur ann do thorthaí maithe infheistíochta 2009 mar gheall ar na straitéisí céanna ba chúis lena lán de na caillteanais reatha, agus dá bhrí sin go bhfuil an baol a bhaineann le tuilleadh caillteanas fós ró-ard.

Tá pinsin costasach agus is fíor a rá go bhfuil siad ag éirí níos costasaí fós. Tá ionchas saoil ag méadú, agus ní féidir linn a bheith ag brath ar na leibhéil torthaí infheistíochta a tharla sna 1990aidí. I ndáil le scéimeanna sochair sainmhínithe, tá drogall ar iontaobhaithe agus ar fhostóirí urraithe sochair a laghdú: i gcás scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe, tá drogall ar bhaill glacadh le pinsean atá níos ísle ná mar a bhí súil acu leis. San am céanna, tá deacrachtaí ag baill agus ag fostóirí rátaí reatha ranníocaíochta a chothú, gan trácht ar iad a mhéadú ar mhaithe le déileáil le costais mhéadaithe agus easnaimh mhóra. Ina lán cásanna, is é an t-aon bhealach chun sochair agus ionchais reatha a réiteach le ranníocaíochtaí reatha glacadh leis go mbeidh torthaí infheistíochta arda ann amach anseo, bunaithe ar fhormhór sócmhainní scéime a infheistiú i ngnáthscaireanna.

Glactar leis go forleathan go bhfuil gnáthscaireanna, .i. stoic agus scaireanna, mar bhonn le torthaí infheistíochta níos airde ná an meán i gcomparáid le bannaí agus le hairgead tirim. Níl aon chinnteacht ann, áfach, go mbeidh sé seo fíor ar feadh tréimhse áirithe ama. Bhí tréimhsí fada ann ina raibh na torthaí ar scaireanna íseal, agus mar atá feicthe againn, d'fhéadfadh go mbeadh margaí cothromais faoi réir laghduithe tobanna.

Níl de chumhacht ag an mBord Pinsean, infheistíocht pinsean a stiúradh, agus níl an chumhacht sin uaidh. Mar sin féin, ní féidir leis an mBord ligin don fhadhb leanúnach seo forbairt gan aird a tharraingt air. Faoi mar atá aibhsithe i mblianta roimhe seo, tá imní ar an mBord go bhfuil straitéisí maoinithe agus infheistíochta go leor scéimeanna sochair sainmhínithe bunaithe ar thoimhdí soirbhe um theacht isteach ar infheistíocht gan a dóthain airde a thabhairt ar rioscaí agus míbhuntáistí infheistíochta. Ní go mbeadh maoiniú na scéime sochair

sainmhínithe a bheith inbhuanaithe go fadtéarmach, agus ní mór d'iontaobhaithe dá bhrí sin breathnú ar chostais réalaíocha, rioscaí infheistíochta agus cumas agus toilteanas an fhostóra chun tacaíocht a thabhairt don scéim.

Ciallaíonn rialacháin sonraithe faoin Acht go bhfuil oibleagáid ar iontaobhaithe na scéime sócmhainní scéime a infheistiú go cuí ag féachaint do nádúr agus do thréimhse ama dhliteanais thuartha na scéime'. Tá oibleagáid bunaithe ann freisin faoi réir dhlí na n-iontaobhas infheistiú go réasúnach agus go stuama. Is iad na sonraí atá ar fáil don Bhord is cúis le himní maidir le cumas na straitéise infheistíochta reatha do go leor scéimeanna éagsúla na riachtanais seo a chomhlíonadh.

D'fhéadfadh iontaobhaithe aonair scéim sochair shainmhínithe cinneadh eolasach a dhéanamh straitéis infheistíochta ardriosca a ghlacadh, ag cur a gcuid oibleagáidí faoin Acht agus faoi dhlí na n-iontaobhas san áireamh, an riosca atá ann do shochair na mball, toilteanas an fhostóra urraithe tacú leis an scéim (agus aon chaillteanais infheistíochta a bhíonn ar an gclár comhardaithe a fheiceáil), agus comhairle chuí eolasach a fháil. Braitheann formhór iontaobhaithe scéimeanna sochair sainmhínithe ar chomhairle ghairmiúil, áfach. Ceist thábhachtach nach mór a chur san áireamh is ea cibé an áiríonn an chomhairle ghairmiúil atá á soláthar nádúr dhliteanais na scéimeanna agus iarmhairtí na rioscaí i gceist.

Tuigeann an Bord na castachtaí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus idirbheartaíochtaí fadálacha a bhíonn i gceist le go leor scéimeanna agus iarrachtaí ar bun déileáil leis na heasnaimh ina gcuid scéimeanna. I ndiaidh tús a chur le hathruithe reachtacha in Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean Aibreán 2009, chuir an Bord leis an spriocdháta le haghaidh scéimeanna sochair sainmhínithe tograí maoinithe a sholáthar, ionas go mbeidh deis réasúnta ag iontaobhaithe, fostóirí urraithe, ceardchumainn agus baill na cinntí casta seo a mheas.

I mí Aibreáin 2010, chuir an Bord tréimhse cúig mhí bhreise leis an spriocdháta le haghaidh scéimeanna sochair sainmhínithe chun tograí maoinithe agus/nó iarratais le ceadú ag an mBord faoi alt 50 a sholáthar. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar chumas scéimeanna an rialachán a cuireadh i bhfeidhm le déanaí maidir le Scéimeanna Pinsean Gairme (Sochair a Chaomhnú) a chur san áireamh. Ciallaíonn an rialachán seo gur féidir le scéimeanna gnáthaois scoir na scéime pinsin a mhéadú faoi alt 50 den Acht le héifeacht láithreach agus aisghníomhach. Ciallóidh sé seo go mbeidh deis ag iontaobhaithe agus ag fostóirí scéime machnamh a dhéanamh ar éifeacht na n-athruithe beartaithe sa Chreat Náisiúnta Pinsean. Tá an Bord ag súil leis an gcéad bhaisc de na tograí maoinithe seo a fháil faoi dheireadh mhí na Samhna 2010.

Rinneadh an cinneadh na spriocdhátaí a leathnú i ndiaidh machnamh mar is cuí a dhéanamh agus mar fhreagairt ar imeachtaí sonracha seachtracha. Níor cheart glacadh leis go mbeidh sé indéanta spriocdhátaí eile a leasú. Beidh iontaobhaithe nach n-éiríonn leo togra maoinithe a sholáthar faoi alt 49(3) le nó gan iarratas faoi alt 50 faoi spriocdháta leasaithe faoi réir ionchúisimh agus tá de chead ag an mBord treoir aontaobhach a eisiúint faoi alt 50 ina leithéid sin de chás.

Bíonn formhór d'obair an Bhoird dírithe ar chomhlíonadh. Feidhmíonn beagnach gach duine atá bainteach le pinsin a sholáthar; iontaobhaithe, riarthóirí, soláthraithe CCSP, comhairleoirí agus fostóirí gairmiúla – le hintinn mhaith agus go feadh a gcumas. Sa chás go n-eascraíonn fadhbanna de thoradh earráidí dáiríre, bíonn sé de chuspóir ag an mBord an cheist a réiteach agus is iondúil nach mbíonn fíneáil ná ionchúiseamh i gceist ach amháin sa chás gur léir faillí nó neamhchomhlíonadh.

Is é an cheist neamhchomhlíonta is dáiríre atá le socrú ag an mBord ná neamh-íocaíocht ranníocaíochtaí san earnáil tógála, agus tá breis sonraí luaite i roinn rialacháin na tuarascála seo. Glactar leis an neamh-íocaíocht seo mar dhúshaothrú doleithscéil fostaithe, agus measann go leor acu nach bhfuil ar a gcumas dul i mbun agóide mar go bhfuil eagla orthu go gcaillfidh siad a bpost. Ní leithscéal ar bith d'iompar den chineál seo na deacrachtaí geilleagracha atá le tabhairt faoi deara san earnáil tógála faoi láthair. Is tasc deacair agus dian ar shaothar an próiseas a bhaineann leis an bhfianaise chuí a bhailiú agus a ullmhú le haghaidh ionchúiseamh coiriúil. Bunaithe ar thromchúis na faidhbe, áfach, leanfaidh an Bord leis na hionchúisimh seo, go háirithe sa chás nach ndéantar iarracht ar bith na ranníocaíochtaí atá gan íoc a aisíoc.

Ó cuireadh tús le fíneálacha a eisiúint agus le rialú riarthóirí, tá feabhas suntasach tagtha ar chultúr an chomhlíonta i gcúrsaí pinsean. Fáiltítear roimh an bhforbairt seo atá mar thoradh ar obair shuntasach atá curtha i gcrích ag iontaobhaithe agus ag a riarthóirí agus a gcomhairleoirí, ach ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil sa mhéid atá bainte amach go dtí seo ach comhlíonadh feabhsaithe le hoibleagáidí atá i bhfeidhm le fiche bliain anuas.

Mar sin féin, tá roinnt fadhbanna ann go fóill. Níl gach foirm riaracháin oiriúnach ná inniúil, agus measann cleachtóirí áirithe ó tharla pinsin a bheith deonach, go bhfuil comhlíonadh deonach freisin. Is ionann pinsin agus coigiltis shuntasacha thar ceann daoine eile, agus ní féidir leithscéal ar bith a dhéanamh do chomhlíonadh neamartach nó coimeád taifead uireasach, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn, ar deireadh thiar, le teidlíochtaí daoine a choinneáil uathu. Úsáidfidh an Bord na cumhachtaí atá aige, agus go háirithe, ní bheidh drogall ar bith ar an mBord srian a chur ar riarthóirí nó riarthóirí a dhíchlárú sa chás nach bhfuil bunús lena leithéid sin de ghníomh.

Bíonn castachtaí áirithe ag gabháil le pinsin, agus tá an Bord thar a bheith dáiríre faoina chuid oibleagáidí cabhrú leis na daoine i gceist. De réir a chéile tuigeann daoine an tábhacht a bhaineann le pinsin, ach ní bhíonn siad róchinnte faoi na cearta atá acu ná faoi na háiteanna sin a bhfuil eolas cuí le fáil iontu. Gníomhaíonn an Bord mar fhoinse neamhchlaonta le haghaidh eolas mionsonraithe maidir le pinsin a sholáthar. Tá an Bord tiomanta dá sheirbhísí a fheabhsú trí raon leathan eolais a sholáthar trí úsáid a bhaint as teanga shimplí agus go háirithe tríd an suíomh gréasáin, pensionsboard.ie.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Bord seirbhísí tacaíochta agus eolais d'iontaobhaithe scéimeanna agus do chleachtóirí pinsean. Cuireann na seirbhísí seo le gníomhaíochtaí rialála an Bhoird trí threoir agus trí chúnamh a thabhairt dóibh siúd atá ag déanamh tréaniarrachta a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. In 2009, d'éirigh linn críoch a chur le hobair an Bhoird ar oiliúint ar líne d'iontaobhaithe, oiliúint a seoladh go luath in 2010. Córas simplí, féinluais é an áis r-fhoghlama, córas saor in aisce, a thugann deis d'iontaobhaithe a gcuid oibleagáidí oiliúna a chomhlíonadh.

I bhfómhar na bliana 2009, d'fháiltigh an Bord roimh ghlacadh an Aire leis an moladh gur cheart na táillí toibhithe ar scéimeanna pinsean a laghdú 7.5%. Ní raibh na táillí seo chomh híseal is atá anois ó 2002. Cuirfidh sé seo, ar bhealach éigin, le hiarrachtaí na scéimeanna pinsean a gcostais a laghdú agus iad i mbun athstruchtúrú a dhéanamh ar mhaithe le teacht chucu féin ó chaillteanais infheistíochta a tháinig chun solais le blianta beaga anuas. Déanfar monatóireacht chúramach ar an leibhéal nua táillí d'fhonn a chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní airgeadais ar fáil ag an mBord. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach amach anseo cead a lorg ón Aire táillí a mhéadú.

Mar chuid den tseirbhís phoiblí, tuigeann an Bord go bhfuil sé freagrach as seirbhís chostéifeachtach a sholáthar. Bhí farasbarr ag an mBord gach bliain ó 2003 agus táim sásta, dá réir sin, a chur in iúl go raibh barrachas €400,000 ann in 2009, in ainneoin gur thuar mé i dtuarascáil bhliantúil 2008 go mbeadh easnamh ann. Tharla sé seo mar gheall ar shrianta earcaíochta sa tseirbhís phoiblí a raibh agus a bhfuil an Bord faoina réir, ach ba é ba chúis leis den chuid is mó ná iarrachtaí leanúnacha an Bhoird costais a rialú agus feidhmiú ar bhonn chomh héifeachtach agus a d'fhéadfaí. Tá obair laethúil an Bhoird á maoiniú tríd an scéim pinsean gairme agus táillí soláthraithe CCSP. Seachas deontas don Fheachtas Feasachta Náisiúnta Pinsean, ní fhaigheann an Bord maoiniú Státchiste ar bith.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don obair chrua agus don tiomantas atá léirithe ag mo chomhghleacaithe i rith na bliana agus iad ag déileáil leis na ceisteanna éagsúla a tháinig faoina mbráid.



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

An Bord Pinsean

Comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ar a bhfuil, amhail an 31 Nollaig 2009, cathaoirleach amháin agus 16 gnáthbhall. Cé gur é an tAire Coimirce Sóisialaí a cheapann baill uile an Bhoird, faoi fhorálacha an Achta, ní mór go mbeadh ionadaithe na gceardchumann, fostóirí, leasa tomhaltóirí, leasa pinsinéirí, an Rialtas, an tionscal pinsean, iontaobhaithe comhalta agus grúpaí gairmiúla a bhfuil baint acu le socruithe pinsin ar an mBord.

Is é cúig bliana an téarma oifige do bhaill an Bhoird. Líontar folúntais ócáideach go díreach ar threoir an Aire, nó ar ainmniúchán ón gcomhlacht ainmniúcháin ábhartha, de réir mar is cuí. Coinníonn duine a líonann folúntas fánach oifig don chuid eile den tréimhse cúig bliana reatha. Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire in 2009.

Is iad seo a leanas baill reatha an Bhoird:

Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
Tinreamh cruinnithe: 9/9

William Beausang
Ionadaí an Aire Airgeadais
Tinreamh cruinnithe: 6/9

Mary O'Donnell
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
Tinreamh cruinnithe: 7/9

Emer O'Flanagan
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
Tinreamh cruinnithe: 9/9

Michael O'Halloran
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí – ionadaí ar son leasa na bpinsinéirí
Tinreamh cruinnithe: 9/9

Gerry Ryan
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsin na hÉireann
Tinreamh cruinnithe: 8/9

Marie Daly
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
Tinreamh cruinnithe: 9/9

John Dillane
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí – ionadaí ar son leasa na dtomhaltóirí
Tinreamh cruinnithe: 6/9

Mary Wade
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsin in Éirinn
Tinreamh cruinnithe: 8/9

Fergus Whelan
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn
Tinreamh cruinnithe: 6/9

Niall Walsh
Ainmnithe ag Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn
Tinreamh cruinnithe: 7/9

Michael Ryder
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe
Tinreamh cruinnithe: 9/9

Dervla Tomlin
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann
Tinreamh cruinnithe: 8/9

An Dr. Orlaigh Quinn
Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí
Tinreamh cruinnithe: 8/9

Rosalind Briggs
Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn
Tinreamh cruinnithe: 8/9



Rosheen Callender
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann Náisiúnta – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe
Tinreamh cruinnithe: 6/9

Julian Caplin
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
Tinreamh cruinnithe: 7/9

Rialáil

Prionsabail an rialacháin níos fearr

Comhlíonann an Bord a ról rialála de réir na bprionsabal seo a leanas atá leagtha síos sa Pháipéar Bán, "Rialáil Níos Fearr" foilsithe ag Roinn an Taoisigh in 2004.

Simplíocht: Ba chóir go bhforbródh an rialáil go léir cosaint na mball. Ba cheart go n-áireodh sé nádúr deonach na scéimeanna pinsean agus an riachtanas rialála nach ábhar drochmhisnigh soláthar reatha pinsean nó bunú soláthar nua pinsin.

Trédhearcacht: Tá an príomhfhreagracht maidir le dea-iompar na scéimeanna pinsean gairme dílsithe do na hiontaobhaithe. Cuireann an Bord béim ar an nochtadh eolais d'fhonn a chur ar chumas daoine aonair, a gceardchumainn agus comhairleoirí eile monatóireacht a dhéanamh ar staid a socruithe pinsean féin.

Comhréireacht: Is é ár mbeartas ná iarracht a dhéanamh chun géilliúlacht le riachtanais rialaitheacha a dhaingniú gan ghá le gníomhaíocht dlíthiúil, ach go dtógfar a leithéid de ghníomhaíocht más gá. Is iad leasa na mball scéime ár gcéad tosaíocht.

Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cothroime: Is iad na prionsabail ghinearálta d'éifeachtúlacht, d'éifeachtacht agus de chothroime atá mar bhonn lenár ngníomhaíochtaí uile.

Léargas rialála

Trí úsáid a bhaint as na cumhachtaí atá aige faoi Acht na bPinsean, tá a fheidhmeanna rialála ar fad faoin Acht tarmligthe ag an mBord chuig an bPríomhfheidhmeannach agus/nó baill eile den Fheidhmeannas. D'fhonn maoirseacht chuí fheidhmiú na gcumhachtaí seo a chinntiú, bhunaigh an Bord Grúpa um Athbhreithniú Rialála ("RRG"), ar a bhfuil baill den Bhord agus den Fheidhmeannas. Téann an Príomhfheidhmeannach i gcomhairle leis an RRG roimh chinntí a dhéanamh a bhaineann le tograí maoinithe a cheadú agus roimh chinntí maidir le hionchúiseamh a dhéanamh. Tháinig an RRG le chéile cúig uaire sa bhliain 2009.

Tosaíochtaí maoirseachta

D'fhonn a chinntiú go bhfuil a chleachtais rialála éifeachtúil tá cur chuige maoirseachta an Bhoird bunaithe ar chliarlathas na dtosaíochtaí riosca mar seo a leanas:

1. scéim nó sócmhainní nó ranníocaíochtaí CCSP a bheith mídhílsithe
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. maoiniú neamhleor scéimeanna sochair sainmhínithe
4. infheistiú míchuí sócmhainní pinsin
5. eolas easnamhach tugtha do bhaill.

Déanann an Bord leibhéil chomhlíonta a mheas bunaithe ar na tosaíochtaí thuasluaite atá bunaithe ar phróiseas de rannpháirtíocht dhíreach le haonáin rialaithe agus a soláthraithe riaracháin.

Scéimeanna sochair sainmhínithe

Tháinig laghdú ar an líon scéimeanna sochair sainmhínithe gníomhacha cláraithe leis an mBord i rith 2009 ó 1,271 go 1,263. Mhéadaigh an líon ball gníomhach sna scéimeanna seo 9,477, áfach, go dtí 589,399. Beidh difríocht shuntasach le tabhairt faoi deara sna figiúirí seo sa dá thábla seo a leanas mar gheall ar dhifríochtaí in amanna tuairiscithe agus roinnt scéimeanna calctha a áireamh sna táblaí.

Scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe

Mhéadaigh líon na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe atá cláraithe leis an mBord faoi 7,485, go dtí 82,939. Is ionann ballraíocht iomlán na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe ag deireadh 2009 agus 266,909, laghdú 5,288 ball ón mbliain 2008.

Tábla 1 – Líon na scéimeanna agus ballraíocht scéime ag 31 Nollaig 2009

	RANNÍOCAÍOCHT SAINMHÍNITHE		SOCHAR SAINMHÍNITHE				SCÉIMEANNA UILE	
			Faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe		Níl faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe			
	SCÉIMEANNA	BAILL	SCÉIMEANNA	BAILL	SCÉIMEANNA	BAILL	SCÉIMEANNA	BAILL
Calctha	0	0	135	0	0	0	135	0
Neamh-Ghrúpa	63,083	63,083	6	6	2	2	63,091	63,091
1 go 50	19,215	83,998	671	10,639	34	714	19,920	95,351
51 go 99	364	24,850	124	9,058	10	734	498	34,642
100 go 500	240	45,871	197	44,211	23	4,944	460	95,026
501 go 1000	18	12,879	40	27,485	6	4,494	64	44,858
1001+	19	36,228	39	162,926	20	321,275	78	520,429
Iomlán:	**82,939**	**266,909**	**1,212**	**254,325**	**95**	**332,163**	**84,246**	**853,397**

Tábla 2 – Líon na scéimeanna agus ballraíocht scéime ag 31 Nollaig 2008

	RANNÍOCAÍOCHT SAINMHÍNITHE		SOCHAR SAINMHÍNITHE				SCÉIMEANNA UILE	
			Faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe		Níl faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe			
	SCÉIMEANNA	BAILL	SCÉIMEANNA	BAILL	SCÉIMEANNA	BAILL	SCÉIMEANNA	BAILL
Calctha	0	0	208	0	0	0	208	0
Neamh-Ghrúpa	68,504	68,504	7	7	2	2	68,513	68,513
1 go 50	21,330	89,277	710	11,292	32	682	22,072	101,251
51 go 99	332	22,952	143	10,608	9	666	484	34,226
100 go 500	222	41,338	203	46,904	22	4,776	447	93,018
501 go 1000	19	13,422	42	29,260	5	3,450	66	46,132
1001+	17	36,704	38	156,321	21	313,043	76	506,068
Iomlán:	**90,424**	**272,197**	**1,351**	**254,392**	**91**	**322,619**	**91,866**	**849,208**

Nótaí maidir le tábla 1 agus 2

a) ag eisiamh RDB amháin agus scéimeanna sochair báis amháin

b) seachas scéimeanna a áirítear i scéimeanna foirceanta agus calctha (seachas scéimeanna calctha faoi réir an chaighdeáin maoinithe)

c) ciallaíonn 'Neamh-Ghrúpa' scéim nach bhfuil ach ball amháin inti de réir a bhunaithe.

Monatóireacht ar chaighdeán maoinithe

Éilítear faoin Acht nach mór do scéimeanna sochair sainmhínithe (seachas scéimeanna díolmhaithe ag rialacháin) teastas maoinithe achtúireach (AFC)a sholáthar don Bhord gach trí bliana. Deimhníonn achtúire na scéime cibé, dá mba rud é go raibh foirceannadh na scéime déanta faoi dháta éifeachtach an teastais, an leor a shócmhainní chun a fhiachais a chomhlíonadh. Mura leor, caithfear tairiscint maoinithe, atá deartha chun an scéim a thabhairt ar ais chun sócmhainneachta, a chur faoi bhráid.

Tábla 3 – Na scéimeanna a fuarthas teastais mhaoinithe dóibh in 2009

	Na scéimeanna a bhfuarthas teastais mhaoinithe dóibh in 2009*		Astu sin A SHÁSAIGH an caighdeán maoinithe		Astu sin NÁR SHÁSAIGH an caighdeán maoinithe	
MÉID NA SCÉIME	LÍON NA SCÉIMEANNA	ACTIVE MEMBERS	LÍON NA SCÉIMEANNA	BAILL GHNÍOMHACHA	LÍON NA SCÉIMEANNA	BAILL GHNÍOMHACHA
Calctha	68	0	19	0	49	0
Neamh-ghrúpa	1	1	1	1	0	0
1-50	426	7,120	85	956	341	6,164
51-99	83	5,986	11	819	72	5,167
100-500	136	30,011	19	3,867	117	26,144
501-1,000	27	18,938	4	2,749	23	16,189
1,001+	26	128,971	7	66,011	19	62,960
Iomlán:	**767**	**191,027**	**146**	**74,403**	**621**	**116,624**

** Nuair a cuireadh isteach níos mó ná teastas maoinithe achtúireach amháin le haghaidh scéime i rith na bliana, níl ach an teastas is déanaí léirithe sna figiúirí seo.*

In 2009, fuair an Bord teastais mhaoinithe achtúireacha AFCanna i ndáil le 767 scéim. Astu seo, léirigh 146 (19%) go raibh an caighdeán maoinithe comhlíonta ag na scéimeanna i gceist. Theip ar an 621 (81%) scéim eile an caighdeán maoinithe a shásamh.

In 2007, shásaigh 69% de na scéimeanna a chuir teastais isteach an bhliain sin an caighdeán maoinithe agus sa bhliain 2007 b'ionann an céatadán agus 81%.

As measc an 621 scéim a sholáthair teastais in 2009 ag cur in iúl gur theip orthu an caighdeán maoinithe a bhaint amach, tráth scríofa na cáipéise seo bhí togra maoinithe i bhfeidhm ag 23 grúpa nó ní gá dóibh déanamh amhlaidh ó tharla tús a bheith curtha acu le nósanna imeachta foirceanta. Tá an 598 scéim eile ag baint tairbhe as síneadh leis an spriocdháta don togra maoinithe ceadaithe ag an mBord in 2009.

I mí Aibreáin 2010, cheadaigh an Bord síneadh breise eile cúig mhí. Éilítear ar gach scéim anois, ag brath ar na spriocdhátaí atá acu, a dtograí maoinithe a sholáthair idir 30 Samhain 2010 agus 31 Bealtaine 2011.

Tá teastais mhaoinithe le cur ar fáil don Bhord anois naoi mí i ndiaidh an dáta éifeachtaigh nó 12 mhí i ndiaidh ráiteas maoinithe diúltach a áireamh i dtuarascáil bhliantúil an iontaobhaí. Measann an Bord, tráth scríofa na cáipéise seo, go bhfuil an céatadán scéimeanna nach bhfuil ag comhlíonadh leis an gcaighdeán maoinithe cothrom le thart ar 75% de gach scéim sochair shainmhínithe.

Iarratais don Bhord faoi Alt 49(3)

Faoi Alt 49(3) den Acht, féadfaidh an Bord aontú ar dháta níos déanaí trínár féidir a bheith ag súil go réasúnach le comhlíonadh leis an gcaighdeán maoinithe sa chás go bhfuil togra maoinithe á chur i bhfeidhm. Ciallaíonn an scéim seo gur féidir tograí maoinithe a ullmhú atá deartha chun freastal ar an gcaighdeán maoinithe thar tréimhse os cionn trí bliana.

Cuireadh 30 iarratas faoi bhráid an Bhoird faoi Alt 49(3) den Acht in 2009. Ina measc seo bhí iarratais a bhí á ndéanamh den chéad uair mar aon le hiarratais ar shíntí breise sna cásanna sin a raibh dáta níos déanaí luaite leo roimhe sin ach a raibh an togra imithe ó mhaith ó shin i leith. Tráth scríofa na cáipéise, shonraigh an Bord an dáta níos déanaí a bhí luaite le 24 de na cásanna seo agus dhiúltaigh sé amhail a dhéanamh i gcás amháin. Sna cúig chás eile, tá an Bord ar feitheamh nó i mbun freagairtí ar cheisteanna a bhaineann leis na hiarratais a mheas.

Iarratais don Bhord faoi Alt 50/50A

Faoi Alt 50 den Acht tá cumhacht lánroghnach ag an mBord in imthosca áirithe iontaobhaithe scéimeanna nach gcomhlíonann an caighdeán maoinithe a threorú chun cibé beart agus is riachtanach a dhéanamh chun sochair áirithe a laghdú. Ní mór go gciallódh an laghdú sochar go gcomhlíonfaidh an scéim an caighdeán maoinithe ina dhiaidh sin.

Cuireadh cúig iarratas faoi bhráid an Bhoird faoi Alt 50 den Acht in 2009; astu sin rinneadh dhá iarratas i gcomhar le hiarratais faoi Alt 49(3). Ag tráth scríofa na cáipéise seo, bhí treoir chuí eisithe ag an mBord do na hiontaobhaithe i gceithre chás ag cur in iúl dóibh gur cheart sochair a laghdú. Tá cinntí fós le déanamh maidir leis an gcás amháin atá fágtha.

Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)

Bhí 170,862 conradh CCSP i bhfeidhm ag 31 Nollaig 2009 le 67% mar chonarthaí caighdeánacha agus 33% mar chonarthaí neamh-chaighdeánacha. Bhí luach na sócmhainní bainistithe cothrom le €2.05 billiún.

Bhí 89,959 fostóir ar an iomlán cláraithe le soláthraí CCSP faoi riachtanais éigeantacha rochtana an fhostóra agus bhí CCSP tógtha ar láimh ag 60,756 fostaí trína fhostóir.

I gcaitheamh na bliana tugadh formheas do thrí sholáthraí CCSP breise le táirge CCSP Caighdeánach amháin agus dhá tháirge CCSP neamh-Chaighdeánach. Chomh maith leis sin, ceadaíodh ocht dtáirge bhreise chaighdeánacha CCSP agus cúig tháirge neamhchaighdeánacha CCSP rud a chiallaigh go raibh 12 soláthraí CCSP ag soláthar 83 táirge anois, lena n-áirítear 37 soláthraí Caighdeánach agus 46 soláthraí Neamhchaighdeánach.

Imscrúduithe agus gníomhaíocht chomhlíonta

Is í príomhaidhm an Bhoird in imscrúdú ar bith ná leasa bhaill na scéime nó ranníocóirí CCSP a chosaint. Tionscnaítear imscrúduithe boird i ndiaidh fiosrúchán nó gearán ó bhaill scéime, iontaobhaithe, ceardchumainn nó trí thuairisciú éigeantach nó deonach. Ina theannta sin, tionscnaítear imscrúduithe bunaithe ar iniúchtaí randamacha déanta ag an mBord bunaithe ar scéimeanna pinsean gairme agus CCSP.

I rith 2009, chuir an Bord tús le 193 cás nua imscrúdaithe.

Ó líon iomlán na gcásanna a rinne an Bord imscrúdú orthu in 2009, tharla 189 de bharr tuairiscí sceithirí a fuair an Bord agus bhain siad don chuid is mó le sárú líomhanta d'Alt 58(A) maidir le hasbhaint agus neamh-íocaíocht ranníocaíochtaí pinsean. Bhain cásanna eile le gearáin a líomhain:

- míleithreasú sócmhainní an fhostóra urraithe ó Scéim Bheag Fhéinriartha (SBFR). Tháinig an cheist seo chun cinn i ndáil le dhá chas faoi leith agus cuireadh an dá chás ina gceart trí idirghabháil an Bhoird agus ní raibh caillteanas ar bith ann do na baill
- neamh-sholáthar na litreacha roghanna do bhaill ar fhágáil seirbhíse nó dhul ar scor
- ríomh mícheart de theidlíochtaí sochair na mball agus/nó an moill in íocaíocht na sochair sin
- an teip chun ranníocaíochtaí a infheistiú go tráthúil.

Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála

Tá breis agus 300 cás curtha in iúl don Bhord ó 2007 ag líomhain asbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin faoi Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála (CWPS). I gcuid de na cásanna seo, tá na riaráistí dlite díscaoilte ag na fostóirí i gceist nó tá sceidil aisíocaíochta bunaithe le CWPS. Go dtí seo, tá luach na ranníocaíochtaí athchóirithe mar thoradh ar ghníomhaíocht an Bhoird cothrom le breis agus €4,290,000.

Sa chás go dteipeann ar fhostóirí idirghabháil a dhéanamh le Bord CWPS, úsáideann an Bord na cumhachtaí atá aige faoin Acht de réir mar atá riachtanach. Áiríonn sé seo na cuideachtaí i gceist agus a stiúrthóirí a ionchúiseamh ina gcáil phearsanta sa chás gur léir gur tharla an cion lena gcúlcheadú nó trína bhfaillí.

I rith 2009, thug an Bord faoi naoi n-imscrúdú ar láthair áitreabh fostóirí d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar a rannpháirtíocht siúd sa CWPS. I gcásanna áirithe, bhí baill den Gharda Síochána i dteannta bhaill an Bhoird agus d'eisigh an Chúirt Dúiche barántais chuardaigh. Mar thoradh ar na cuairteanna seo ar an láthair chinn an Bord trealamh ríomhaireachta agus taifid phárolla na bhfostóirí i gceist a urghabháil agus ina dhiaidh sin rinne cuntasóirí fóiréinseacha anailís orthu agus rinneadh comparáid eatarthu agus na taifid bhallraíochta agus íocaíochta atá ag CWPS. Bhí an ghníomhaíocht seo mar bhonn leis na hionchúisimh a rinne an Bord i gcoinne dhá chuideachta agus a stiúrthóirí siúd ina gcáil phearsanta sa dara cuid den bhliain. Ba é an ghníomhaíocht seo a bhí mar bhonn freisin le ceithre chás eile a ullmhú d'ionchúiseamh, cásanna a éistfear in 2010.

I gcás amháin, chinn Breitheamh den Chúirt Dhúiche an cás a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda mar gheall ar thromchúis líomhanta na gcionta a bhain leis an gcás áirithe sin. Rinneadh treoir ón mBreitheamh i ndiaidh aighneachtaí Cúirte a bhain le himthosca an cháis. Sa dara cás, ghearr an Chúirt pianbhreith 200 uair seirbhís pobail ar an Stiúrthóir agus gearradh fíneáil €31,000 ar an gcuideachta i ndáil le 31 cion faoi Acht na bPinsean.

Ag tráth scríofa na cáipéise, tá ionchúisimh ar feitheamh i gcoinne na bhfostóirí eile a bhí faoi réir imscrúduithe ar an láthair in 2009 agus tá sé beartaithe tabhairt faoi imscrúduithe breise go luath in 2010 freisin. Ina theannta sin, meastar go mbeidh roinnt eile fostóirí ionchúisithe in 2010 sa chás go mbeidh an Bord ag brath ar fhianaise duillín pá tugtha ar aird i ndáil le fostaithe aonair agus a riaráistí siúd. Cuirfidh an cur chuige seo le hiarrachtaí an Bhoird leasa a mball a chosaint.

Mura ndéantar ranníocaíochtaí a íoc i scéim pinsean cuirtear an t-ioncam scoir a bheidh ag baill amach anseo agus a gcleithiúnaithe i mbaol. Sa chás nach dtarlaíonn comhlíonadh leis an Acht ar bhonn deonach, ní bheidh drogall ar bith ar an mBord aon pháirtí a bhaineann airgead as páphaicéid oibrithe agus a theipeann ar an t-airgead sin a aisíoc i scéim pinsean ar a son a cheistiú. Déanfaidh an Bord tréaniarracht a chinntiú go n-aisíoctar airgead le scéimeanna a luaithe agus is féidir agus sa chás nach dtarlaíonn sé seo ceisteofar na páirtithe freagracha trí na Cúirteanna.

Ionchúisimh

D'éirigh leis an mBord trí ionchúiseamh rathúla a thabhairt chun críche in 2009 agus bhain dhá cheann de na cásanna sin le Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála, mar a luadh níos túisce. Bhain an t-ionchúiseamh eile le hiontaobhaí scéim sochair sainmhínithe ó tharla gur theip orthu teastas maoinithe achtúireach a sholáthar don Bhord. Bhí an t-iontaobhaí ciontaithe ag an gCúirt agus gearradh fíneáil €2,500 ar an iontaobhaí freisin.

Fíneálacha ar-an-láthair

I rith 2009, eisíodh fógraí fíneála d'iontaobhaithe 18 scéim i ndáil le sáruithe áirithe faoin Acht, lena n-áirítear teip aighneacht maidir le teastais mhaoinithe achtúireacha a chur faoi bhráid an Bhoird nó aighneacht a sholáthar déanach, teip roghanna seirbhíse fágála a eisiúint laistigh den fhráma ama reachtúil agus teip táille an Bhoird Phinsean a íoc faoin spriocdháta reachtúil.

I 16 cás, íocadh an fhíneáil €2,000 do gach iontaoabhaí agus cuireadh an chion líomhnaithe i gceart chun sástachta an Bhoird. Dá bhrí sin, níor chuir an Bord aon imeachtaí ionchúiseamh ar siúl sna cásanna seo. In dhá chás, i ndiaidh breis eolais a sholáthar don Bhord, ba léir nár tharla an chion líomhanta agus, dá réir sin, aistarraingíodh na fógraí fíneála.

Leanfaidh an Bord le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le forálacha uile an Achta, lena n-áirítear na forálacha sonraithe atá faoi réir réimeas na bhfíneálacha. Leanfar le cionta níos tromchúisí a ionchúiseamh trí na Cúirteanna.

Cruinnithe le hiontaobhaithe scéime agus soláthraithe pinsean

I rith 2009, reáchtáil an Bord cruinnithe le hiontaobhaithe 35 scéim sochair sainmhínithe i ndáil lena ndeacrachtaí maoinithe. Ba é an Bord a chur tús le formhór na gcruinnithe seo agus ba iad na scéimeanna a roghnaíodh na scéimeanna sin leis an gcóimheas pinsinéara is ísle nó an cóimheas sócmhainneachta gníomhach/iarchurtha is ísle. Chomh maith leis sin, d'éascaigh an Bord cruinnithe cosúla ar bhonn iarratais mar chuid dá iarrachtaí tacú le scéimeanna a bhfuil próiseas casta iarratais maoinithe luaite leo.

Ciallaíonn an méid fiosrúchán, áfach, nach raibh sé i gcónaí indéanta glacadh le gach iarratas ar chruinnithe den sórt sin. Sa chás go bhfuil ceisteanna áirithe ag scéimeanna faoi iarratais fhéideartha faoi Alt 49(3) nó Alt 50, ba cheart dóibh cloí leis an gcur chuige atá sonraithe i roinn na gCeisteanna Coitianta faoi Alt 50 ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Lena chois sin, reáchtáil an Bord ceithre chruinniú ardleibhéil le raon soláthraithe agus riarthóirí pinsean maidir le scéimeanna sochair sainmhínithe agus scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe, CCSPanna agus RACanna iontaobhaí. Tá an cineál seo rannpháirtíochta le haonáin rialaithe agus lena gcumhachtaí riaracháin ag teacht le cur chuige maoirseachta riosca-bhunaithe an Bhoird.

Reáchtáladh sé chruinniú bhreise le soláthraithe agus riarthóirí pinsean le déileáil le ceisteanna comhlíonta áirithe a bhaineann leis na haonáin sin.

Chuir cruinnithe seo ar fad le soláthraithe pinsean agus riarthóirí an deis ar fáil chun cúrsaí comhlíonta de chomhleasa a phlé agus chun ionchais an Bhoird de réimeas an Riarthóra Cláraithe (RA) atá i mbun feidhme ó Samhain 2008.

Leanfaidh an Bord ar aghaidh leis an leibhéal seo rannpháirtíochta in 2010, ina mbeidh réimse scéimeanna a roghnófar go randamach ó chlár scéimeanna an Bhoird. Beidh baint le soláthraithe pinsean curtha i gcrích trí iniúchtaí as an suíomh agus cigireachtaí ar an suíomh.

Riarthóirí Cláraithe (RA)

Ba é an dáta éaga a bhí luaite le hathnuachan an RA an 31 Deireadh Fómhair 2009 agus éilíonn an tAcht nár mhór clárúchán a athnuachan tráth nach déanaí ná 30 lá roimh dheireadh na bliana clárúcháin deireanaí. In ainneoin gur shonraigh an Bord, sa chumarsáid a rinne sé, nach raibh dualgas ar bith air glacadh le hiarratais neamhiomlána ná dhéanacha, theip ar roinnt mhaith RAanna an spriocdháta reachtúil a chomhlíonadh. D'iarr an Bord ar na RAanna míniú a thabhairt ag sraith cruinnithe in oifigí an Bhoird. Ar deireadh thiar, rinneadh clárúcháin na RAanna a athnuachan ar an tuiscint nach nglacfaidh an Bord le hiarratais neamhiomlána ná le hiarratais dhéanacha amach anseo.

Is cion é faoin Acht nuair a theipeann ar iontaobhaithe RA a cheapadh. Thairis sin is cion don RA nuair a theipeann air a chuid dualgas reachtúla a chur i gcrích laistigh de na teoranta ama a sonraítear sa reachtaíocht. D'fhéadfadh ionchúiseamh ón mBord a bheith san áireamh i smachtbhannaí, ag cur an RA faoi réir coinníollacha agus a clárúchán á athnuachan, nó an t-éitheach chun an clárúchán a athnuachan. Braithfidh an smachtbhanna a chuireann an Bord i bhfeidhm ar an méid neamh-chomhlíonta agus b'fhéidir go mbraithfidh sé chomh maith ar an líon na scéimeanna i ndáil lena rinne an RA an cion. Tá Ceisteanna Coitianta mionsonraithe maidir leis an réimeas RA le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Ag tráth scríofa na cáipéis, bhí 191 RA ann. Cé gur chinn roinnt RAanna gan a gclárúcháin a athnuachan ag spriocdháta athnuachana 2009, chláraigh roinnt riarthóirí nua i rith 2009.

Scéimeanna trasteorann

Ní mór d'aon scéim pinsean atá bunaithe in Éirinn iarratas ar údarú a chur faoi bhráid an Bhoird Phinsean sula nglacann sé le ranníocaíochtaí ó fhostóir i mBallstáit eile. I rith 2009, cheadaigh an Bord dhá scéim a chiallaigh go raibh an líon iomlán iarratas den sórt sin a cheadaigh an Bord cothrom le 27. Baineann na hiarratais a ceadaíodh go dtí seo le gníomhaíochtaí trasteorann sa Ríocht Aontaithe, san Ungáir, sa Pholainn agus san Ísiltír.

In 2009, tharraing an Rialtóir Pinsean sa Ríocht Aontaithe aird an Bhoird ar scéim amháin sa Ríocht Aontaithe le baill Éireannacha ar tugadh údarú agus cead dóibh a bheith páirteach i ngníomhaíocht trasteorann, rud a chiallaigh go raibh 18 scéim den sórt sin i gceist. Chomh maith leis sin, chomhairligh an Rialtóir Pinsean sa Ríocht Aontaithe go raibh cead cúlghairthe, ar iarratas uaidh, ó dhá scéim nach raibh ag feidhmiú ar bhonn trasteorann a thuilleadh.

Seirbhísí dlíthiúla, achtúireacha agus polasaí

Tá freagracht reachtúil ag an mBord comhairle a thabhairt don Aire Coimirce Sóisialaí faoi chúrsaí pinsean. Bunaithe ar an gcomhdhéanamh comhpháirtíochta, tá ról tábhachtach ag an mBord sa réimse déanta beartais ar na slite seo a leanas:

- sainchomhairle theicniúil a thabhairt don Rialtas maidir le saincheisteanna casta pinsean, mar aon le comhairle ghinearálta ar shaincheisteanna polasaí nua agus leanúnacha
- úsáid a bhaint as an eolas faighte ónár ngníomhaíocht rialála chun treoir thráthúil agus bheacht a sholáthar d'fhonn cur le soláthar agus slándáil phinsin agus trí chruth a chur leis an reachtaíocht go cuí
- foinsí nua eolais a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna cumhdaigh agus feasacht a chruthú thart orthu seo.

Forbairtí in 2009

I measc cuid de na príomhréimsí gníomhaíochta bhí:

- tacú le hobair beartais idir-rannach ar cheisteanna pinsean lena n-áirítear ionchur teicniúil i bhforbairt an Chreata Náisiúnta Pinsean
- suirbhé ginearálta a dhéanamh ar 1,150 scéim sochair sainmhínithe (a chumhdaíonn meascán éagsúil rudaí lena n-áirítear an Caighdeán Maoinithe) bunaithe ar líon ball, comhdhéanamh agus leibhéal sócmhainní agus dliteanais scéime. Sholáthair an scéim sonraí actúireacha cothrom le dáta, rud a chinntigh go raibh tuiscint níos fearr ag an mBord agus ag an Rialtas ar leibhéal easnamh na scéimeanna sochair sainmhínithe i ndiaidh ghéarchéim airgeadais 2008.
- monatóireacht a dhéanamh ar thionchar fhorbairtí an mhargaidh infheistíochta ar inbhuanaitheacht scéimeanna sochair sainmhínithe
- rannpháirtíocht i ngrúpa oibre atá bunaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar shláine sochar agus ar cheisteanna gaolmhara
- leanúint le cultúr an chomhlíonta a chur chun cinn trí chur le gníomhaíochtaí éagsúla cosúil le monatóireacht ar chomhlíonadh achtúireach
- leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumhachtaí an Bhoird agus cumhachtaí nua a bhunú lena n-áirítear comhairle a chur ar an Roinn maidir le forálacha pinsean Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean Aibreán 2009
- eolas a bhailiú ó Riarthóirí Cláraithe maidir le scéimeanna pinsean gairme a bhfuil freagracht orthu príomhsheirbhísí riaracháin a sholáthar ina leith, lena n-áirítear sonraí maidir leis an gcineál scéime, sochair, stádas, ballraíocht, luach an chiste, ranníocaíochtaí agus sochair. Do scéimeanna na hearnála poiblí leagtar an dualgas chun an t-eolas sainithe a chur faoi bhráid ar riarthóirí na scéime. Úsáideann an Bord an t-eolas seo mar bhonn lena fheidhmeanna rialála, beartais agus pleanála. Bunaithe ar an eolas seo freisin, soláthraíonn an Bord na riachtanais ábhartha sonraí don Phríomh-Oifig Staidrimh d'fhonn tuairisceáin Eurostat a dhéanamh.
- Ag leibhéal an AE, bhí baint lárnach ag an mBord le forbairtí ar an mbeartas rialála trína bhallraíocht ar Choiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha (CEIOPS) agus go háirithe a rannpháirtíocht i ngrúpa oibre CEIOPS ar phinsin, agus Coiste na bPinsean Gairme (OPC).

  I measc na bpríomhréimsí gníomhaíochta bhí athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm Threoir na nInstitiúidí um Sholáthar Scoir Gairme (IORPS), lena n-áirítear an cheist a bhaineann le rialacha sócmhainneachta a chur i bhfeidhm ar phinsin ghairme. Beidh an obair seo á meas anois i gcomhthéacs Pháipéar Uaine Choimisiún an AE ar Phinsin atá le foilsiú sa bhliain 2010.

  Laistigh den OPC, ghlac an Bord le ról tosaigh i líon áirithe tionscadal maidir le gníomhaíocht trasteorann ar nós athbhreithniú ar dhlí sóisialta agus saothair Eorpach agus ar Phrótacal Bhúdaipeist. Is é a bhí mar thoradh ar an obair seo gur foilsíodh suirbhé faoi fhorálacha dlí sóisialta agus saothair mar aon le Prótacal Athbhreithnithe Bhúdaipeist i mí Dheireadh Fómhair 2009.

Fócas an Pholasaí do 2010

In 2010 déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas:

- leanfar le tacaíocht agus comhairle theicniúil a sholáthar don Roinn Coimirce Sóisialta faoi cheisteanna pinsin go ginearálta
- páirt a ghlacadh nuair is cuí sa Chreat Náisiúnta Pinsean a d'fhormheas an Rialtas i mí an Mhárta 2010 a fhorbairt
- leanúint le cur leis an athbhreithniú atá ar siúl ar chur i bhfeidhm Threoir Eorpach IORPs agus ar riachtanais sócmhainneachta scéimeanna pinsean i gcomhthéacs Pháipéar Uaine an Choimisiúin ar phinsin atá le foilsiú níos faide anonn in 2010.

Reachtaíocht

Síníodh Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009 ina dhlí ar an 29 Aibreán 2009 le héifeacht láithreach. Chuir an tAcht seo roinnt leasuithe leis an Acht Pinsean.

I measc cuid de na hathruithe a bhain le scéimeanna pinsean bhí:

- Leasaíodh Alt 48 den Acht a dhéileálann le tús áite a thabhairt d'íocaíochtaí sochar scéime foirceanta d'fhonn méaduithe ráthaithe iar-scoir a bhunú ar bhonn níos ísle ar an scála tosaíochta.
- Faoi Alt 50 tugann an tAcht cumhacht dhiscréideach don Bhord treoir a thabhairt d'iontaobhaithe scéime sochair scéime áirithe a laghdú le cur ar chumas na scéime an caighdeán íosta reachtúil maoinithe a shásamh. Roimh 2009, ní fhéadfaí ach sochair scéime a bhain le baill ghníomhacha a laghdú. I bhfianaise an athraithe a rinneadh le déanaí ar Alt 50, féadfar sochair iarchurtha ball a laghdú freisin i dteannta méaduithe iar-scoir do phinsinéirí.
- Is foráil nua é Alt 50A den Acht ina bhfuil meicníocht trínar féidir le hiontaobhaithe scéime atá ar tí foirceannadh in imthosca sonraithe áirithe, a leithéid de leasuithe a measta a bheith cuí a dhéanamh ar an scéim, le toiliú an Bhoird.
- Leasaíodh Alt 3 den Acht d'fhonn an téarma poitéinsiúil príosúnachta do chiontú ar díotáil a mhéadú chuig cúig bliana i ndáil le sárú Alt 58A (asbhaint ach ní neamh-íocaíocht ranníocaíochtaí pinsin fostaí).

Seirbhísí faisnéise agus fiosrúcháin

Tugann foireann na seirbhísí Faisnéise eolas do pháirtithe leasmhara pinsin trí fhoilseacháin, an suíomh gréasáin agus seirbhísí fiosrúcháin ar bhonn tráthúil agus beacht de réir Cairt Chustaiméirí an Bhoird.

Tá an Bord dírithe ar neart faisnéise agus oideachais maidir le cúrsaí pinsin a thabhairt do thomhaltóirí, do bhaill scéime, d'iontaobhaithe agus don tionscal pinsean. Molann an Bord do dhaoine gur cheart dóibh tuiscint níos fearr a bheith acu ar phinsin agus iad ag pleanáil dá scor.

Tá faisnéis agus treoir ar ardchaighdeán faoi phinsin riachtanach chun leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin a chur chun cinn – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir a bheith acu.

Suíomh gréasáin (www.pensionsboard.ie)

Is cuspóir leanúnach don Bhord é feabhas a chur ar sheachadadh faisnéise agus seirbhísí ar líne tríd an suíomh gréasáin. Bhí níos mó ná 600,000 milliún cuairteoir ar shuíomh gréasáin an Bhoird sa bhliain 2009, méadú 20% ar an mbliain 2008.

Cuairteoirí ar shuíomh gréasáin an Bhoird Phinsean 2006-2009



Seirbhísí fiosrúcháin

In 2009 dhéileáil an Bord le níos mó ná 8,000 fiosrúchán díreach ar chúrsaí pinsin. Tá briseadh síos den chineál fiosrúcháin agus de phróifíl an fhiosraitheora le fáil in Aguisín II. Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, bhí laghdú le tabhairt faoi deara sa líon fiosrúchán díreach a cuireadh faoi bhráid an Bhoird in 2009 ó tharla méadú a bheith ag teacht ar na seirbhísí atá á soláthar ar líne.

Staitisticí fiosrúcháin faoi dheireadh na bliana 2006-2009



Tagann an líon is mó fiosrúchán ó bhaill scéimeanna gníomhacha ag 2,849 nó 35% - agus bíonn formhór na gceisteanna bunaithe ar 'nochtadh', a áiríonn ceisteanna a bhaineann le cuntais iniúchta, tuarascálacha bliantúla, sochair báis/scoir agus scéimeanna atá i mbun foirceanta.

Ní áirítear sna staitisticí fiosrúcháin idirghníomhaíocht laethúil idir fhoireann rialála an Bhoird agus aonáin rialaithe, cosúil le scéimeanna, Riarthóirí Cláraithe agus soláthraithe pinsean.

Leabhráin faisnéise

Soláthraíonn an Bord réimse cuimsitheach leabhrán faisnéise atá ar fáil saor in aisce ón mBord agus atá ar fáil ar líne chomh maith. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a chuid leabhrán faisnéise ar mhaithe le heolas atá le nuashonrú agus le feabhsú a aithint.

Cur i láthair poiblí

Bliain i ndiaidh bliana seachadann an Bord sraith chur i láthair faisnéise do réimse leathan agus éagsúil eagraíochtaí ionadaíocha poiblí, stáit, gairmiúla, fostóra, ceardchumann agus fostaí. I measc na n-ábhar clúdaithe i gcur i láthair dá leithéid áirítear príomh-ghnéithe an Achta agus na reachtaíochtaí eile a bhfuil tionchar acu ar phinsin. Tá gach cur i láthair dá leithéid ar fáil ar shuíomh ghréasán an Bhoird.

Seirbhísí tacaíochta iontaobhaithe

Leanann an Bord ar aghaidh ag tabhairt spreagadh do sholáthar na hoiliúna iomchuí d'iontaobhaithe na scéimeanna agus d'iontaobhaithe ag tabhairt faoina leithéid d'oiliúint. Tá liosta de sholáthraithe cúrsaí oiliúna d'iontaobhaithe le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Cuireadh obair ar fhorbairt áis r-fhoghlama le haghaidh oiliúna iontaobhaithe i gcrích sa bhliain 2009.

Sheol an Bord a chóras r-fhoghlama d'iontaobhaithe scéime pinsean i mí Eanáir 2010. Ó 1 Feabhra 2010, ní mór do gach iontaobhaí scéim pinsean oiliúint a fháil gach dá bhliain ar a laghad. Soláthraíonn an córas nua r-fhoghlama seo an oiliúint seo ar líne agus saor in aisce ar bhealach féinluais atá éasca le húsáid. Is ionann córas r-fhoghlama na n-iontaobhaithe agus infheistíocht shuntasach teicneolaíochta don Bhord.

Soláthraíonn an córas nua r-fhoghlama cabhair phraiticiúil d'iontaobhaithe scéim pinsean agus iad i mbun a gcuid dualgas. Cuireann an córas r-fhoghlama seo leis an méid atá foilsithe i Lámhleabhar an Iontaobhaí (3ú Eagrán) atá ar fáil le híoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an Bhoird. Tá an Bord tiomanta do thacú le hiontaobhaithe an ról dúshlánach atá acu a chomhlíonadh mar aon lena bhfreagrachtaí agus lena ndualgais mar iontaobhaithe.

Oideachas, faisnéis agus caidrimh leis na meáin chumarsáide

Soláthraíonn an Bord airteagail faisnéise agus oideachais a chlúdaíonn gnéithe uile pinsean do na meáin chumarsáide agus raon cuimsitheach geallsealbhóirí tionscail agus tomhaltóra ar bhonn leanúnach. Lorgaíonn an Bord deiseanna meáin chumarsáide chun díospóireacht ar shaincheisteanna pinsin a chur chun cinn. Tá an ghníomhaíocht seo ar intinn chun oideachas a thabhairt ar agus tacú le feasacht ar phinsin agus an tábhacht a bhaineann le soláthar pinsin i measc spriocghrúpaí sainaitheanta.

Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Tá an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean eagraithe ag an mBord thar ceann an Rialtais ó 2003 i leith. Bunaíodh an feachtas le cur leis an bhfeasacht atá ag an bpobal ar phinsin agus é mar aidhm an méid pinsean atá ann a mhéadú. Tá grúpa tionscadail i mbun FNFP, grúpa ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, soláthraithe ón tionscal pinsean agus na comhpháirtithe sóisialta. Leithdháil an tAire Coimirce Sóisialaí €500,000 ar mhaithe le leanúint le FNFP in 2009.

Thug cur chuige an fheachtais in 2009 léargas ar na hathruithe sa bhuiséad agus sa gheilleagar i gcaitheamh na bliana.

Na príomhchuspóirí do FNFP 2009 ba ea chun:

- spreagadh a thabhairt don phobal, go háirithe na grúpaí sin a raibh leibhéil ísle de chumhdach pinsin iontu go traidisiúnta, páirt a ghlacadh sa phróiseas pinsin agus pleanáil dá scor
- spreagadh a thabhairt do bhaill scéime a bheith páirteach i bpleanáil dá scor agus a chinntiú go bhfuil pinsin fheiliúnacha acu dá scor
- obair an Bhoird a chur chun cinn agus an suíomh gréasáin go háirithe mar fhoinse iontaofa d'eolas faoi phinsin
- an láthair oibre a chur chun cinn mar an láthair is fearr le haghaidh faisnéise agus soláthar pinsean.
- díriú ar thionscnaimh oideachais agus eolais agus forbairt a dhéanamh ar phleanáil oideachais faoi chúrsaí airgeadais.

Gníomhaíochtaí FNFP

Rinneadh go leor gníomhaíochtaí éagsúla i rith na bliana agus cuireadh na rudaí seo a leanas i gcrích:

- glacadh páirt i mbreis agus 30 imeacht eolais agus oideachais ar fud na tíre a bhí dírithe ar na grúpaí sin ina raibh cumhdach pinsin íseal go traidisiúnta, lena n-áirítear na hearnálacha aíochta, miondíola agus talmhaíochta agus mná agus daoine óga trí bheith páirteach i gcomhlachais trádála, líonraí ball, eagraíochtaí tionscail, mar aon leis na ceardchumainn
- tugadh os cionn 600,000 cuairt ar shuíomh gréasáin an Bhoird, méadú 20% i gcomparáid le 2008.
- bhí tionchar ag an mBord ar an eolas tosaigh a sholáthraítear maidir le pinsin den chéaduair i gcás breis agus 10 shuíomh gréasáin páirtithe leasmhara
- trí thionscnamh Pigsback.com spreagadh 73,206 idirghníomhaíocht ar an leathanach promóisin (bhíothas ag súil le 15,000) rud ba chúis le 7,612 cuairt nasctha ar shuíomh gréasáin an Bhoird (bhíothas ag súil le 4,000)
- glacadh páirt sa Ghrúpa Náisiúnta Stiúrtha ar Oideachas Airgeadais arb é a bhí mar thoradh air ná tuarascáil dar teideal 'Improving Financial Capability – a multi-stakeholder approach' a d'áirigh Creat Inniúlachta Airgeadais.

Ag deireadh 2009, rinne RedC taighde ar phinsin thar ceann an Bhoird, agus thug na torthaí léargas dúinn ar na nithe seo a leanas:

- ní dhearna 60% de na daoine le pinsin athrú ar bith ar a gcuid ranníocaíochtaí agus chuir 20% lena gcuid ranníocaíochtaí
- léirigh díreach faoi bhun 70% nach raibh sé beartaithe acu a ranníocaíochtaí a laghdú sa bhliain amach romhainn
- d'aontaigh 76% go bhfuil sé tábhachtach íocaíochtaí pinsin a dhéanamh fiú agus cúrsaí geilleagair mar atá
- mhéadaigh an treocht pinsean a fháil i measc na mban atá ag obair go lánaimseartha.

Seirbhísí corparáideacha

Coiste Airgeadais agus Iniúchta

Is coiste buan de chuid an Bhoird é an Coiste Airgeadais agus Iniúchta. Soláthraíonn sé comhairle faoi agus maoirseacht ar chúrsaí rialachais agus smachta airgeadais agus bainteacha eile. Déanann an coiste maoirseacht ar agus rialaíonn sé an fheidhm iniúchta inmheánach a sholáthraítear ó lasmuigh. Tugann an coiste tuarascálacha don Bhord ar bhonn leanúnach.

Táillí na Scéime Pinsean Gairme (OPS) agus táillí CCSP

In 2009, bhailigh an Bord €4.75 milliún i dtáillí OPS agus RAC iontaobhaí, méadú 1% ar an mbliain roimhe sin. Chomh maith leis sin, bhailigh an Bord €878,000 i ndáil le táirgí CCSP, méadú 8% ar an mbliain roimhe sin.

Forálann Alt 25 den Acht go n-íocfaidh iontaobhaithe scéime táille bhliantúil leis an mBord. Tá an ráta táillí €9.50 do gach ball gníomhach i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2003.

I mí Dheireadh Fómhair 2009, ghlac an tAire Coimirce Sóisialaí le moladh an Bhoird gur cheart an táille OPS le haghaidh 2010 a laghdú 7.5%. Roimh theacht ar an gcinneadh seo tugadh aird mar is cuí ar leibhéal dearfach reatha cúlchistí airgid an Bhoird agus laghduithe praghais sa gheilleagar go ginearálta. Tá an caiteachas buiséadaithe le haghaidh 2010 laghdaithe 3% bunaithe ar ghnóthacháil barainneachtaí agus luach níos fearr ar airgead mar aon le hiarrachtaí feabhsaithe barainneachtaí níos fearr a bhaint amach i seachadadh seirbhísí dár gcustaiméirí. Déanfar athbhreithniú ar an leibhéal nua táillí d'fhonn a chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní airgeadais ar fáil don Bhord.

Rialachas

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais i leith Rialachas na gComhlachtaí Stáit go foirmiúil sa bhliain 2002 agus leanann sé ar aghaidh ag cloí lena bhforálacha agus ag déanamh monatóireachta ar na riachtanais dá chuid ar bhonn rialta. Fuair baill uile an Bhoird treoir faoi chóid iompair eiticiúla agus go háirithe faoina gcuid freagrachtaí maidir leis an gCód Iompair Ghnó le haghaidh baill agus foirne an Bhoird Phinsean.

I rith 2009, d'eisigh an Rialtas leagadh leasaithe den Chód Cleachtais i leith Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Tá athbhreithniú déanta ar an gCód athbhreithnithe agus tá na hathruithe mar is cuí curtha i bhfeidhm ag an mBord. Cheadaigh an Bord na cáipéisí athbhreithnithe rialachais chorparáidigh seo a leanas:

- Nósanna Imeachta an Bhoird agus Modus Operandi Ginearálta
- Sceideal Nithe Forchoimeádta don Bhord
- Cód Iompair Ghnó do Bhaill agus d'Fhoireann an Bhoird Phinsean
- Buanorduithe
- Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca
- Téarmaí Tagartha Athbhreithnithe an Choiste Airgeadais agus Iniúchta.

Bainistiú riosca

Faoi fhorálacha an Chóid Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit tá dualgas ar gach comhlacht san earnáil phoiblí córas foirmiúil bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm. I rith 2009, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a phróifíl riosca arb éard a bhí mar thoradh leis clár riosca nuashonraithe ina n-aithnítear na príomhrioscaí reatha agus na srianta maolaitheacha atá glactha ag an mBord.

Mar a moladh sa chód athbhreithnithe, tá Coiste Riosca tiomnaithe bunaithe ag an mBord a thuairiscíonn go díreach don Bhord. Ceapadh an coiste seo, ar coiste buan de chuid an Bhoird atá ann, ar 2 Samhain 2009.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é an Bord chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá an chomhairle agus an fhaisnéis iomchuí tugtha do bhaill uile an Bhoird (mar shealbhóirí 'stiúrthóireachtaí ainmnithe') agus do bhaill foirne ábhartha (mar shealbhóirí 'post ainmnithe') maidir lena gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht eitice.

Foireann an Bhoird Phinsean

Leagtar an chinnteoireacht laethúil mar dhualgas ar an bhfoireann faoi fheitheoireacht ghníomhach an Bhoird. Foireann an Bhoird ag 31 Nollaig 2009.

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

Mary Hutch
Ceannaire ar Rialáil

Tom Dunphy
Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha (Rúnaí don Bhord)

Philip Dalton
Ceannaire ar Phleanáil

David Hegarty
Ceannaire ar Pholasaí

Sylvia McNeece
Comhairleoir Dlí

Pat O'Sullivan
Comhairleoir Achtúire

David Malone
Ceannaire ar Fhaisnéis

Príomhoifigigh Cúnta

Aideen Bugler
Gerard Clarke
Mary Howe
Maura Howe
Andrew Nugent
Cheryl Richardson
Gregory Whelan

Ardoifigigh Fheidhmiúcháin

Rachael Gleeson
Catherine Goulding
Carol Jordan
John McCarthy
Kieran O'Dea

Oifigigh Fheidhmiúcháin

Sherry Bass
Martin Buggy
Ciarán Holahan
Emily Kealey
Deirdre Kelly
Renée O'Reilly
Ronan Scott
Edel Stenson
Christina Winters

Oifigigh Chléireachais

Laura Allen
Valerie Christie
Mary Conlon
Marie Earley
Eileen Flynn
Emma Hunter
Lydia Leonard
Alison Massey
Catherine McAuley
Julie McCarthy
Maura Moroney
Barry O'Connor

Comhairleoir Dlí Eatramhach

Grace Guy
(Ean-Noll 2009)

Aturnae

Iseult Doherty

Ráitis airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	22
Ráiteas ar dhualgais an Bhoird	24
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	25
Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta	26
Cuntas ioncaim agus caiteachais	27
Clár comhardaithe	28
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	29
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	30
Ráiteas um íocaíocht pras na gcuntas	38

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais An Bhoird Phinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoi Acht na bPinsean, 1990.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí coibhneasacha.

Freagrachtaí ar Leithligh an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Bord Pinsean freagrach as ucht na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na bPinsean, 1990 agus as rialtacht na n-idirbheartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Pinsean na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta de chuid Baill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Baill an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm ná iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlíthiúla agus rialála agus na Caighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Déanaim mo thuairim a thuairisciú ar cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Déanaim tuairisciú freisin i mo thuairim féin ar cibé an bhfuil leabhair chuntais cearta arna gcoinneáil. Sa bhreis air sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.

Tugaim tuairisc ar aon ásc ábhartha nuair nár feidhmíodh airgid do na cuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach gcloíonn na hidirbheartaíochtaí leis na húdaráis atá á rialú.

Freisin déanaim tuairisciú mura bhfuilim tar éis an t-eolas agus na míniúcháin riachtanacha uile a ghnóthú ar mhaithe le mo hiniúchadh.

Déanaim athbhreithniú ar cibé an léiríonn an Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus déanaim tuairisciú ar aon chás ábhartha nach ndéantar amhail, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach i leith eolais eile atá agam ó m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais. Níl sé de dhíth orm breathnú ar cibé an gclúdaíonn an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus rialúcháin airgeadais uile, nó tuairim a chruthú ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léim eolas eile atá cuimsithe sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breathnaím cibé an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascáil má thugaim aird ar aon mhíráiteas nó neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bunús Tuairime na hIniúchóireachta

Le linn dom mo fheidhm a bhaint amach mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais de réir na Caighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire) atá eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus trí thagairt do na breathnúcháin speisialta a bhaineann leis na comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, d'fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus nochtadh agus rialtacht de chuid na hidirbhearta airgeadais a cuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach le haghaidh cúinsí an Bhoird, feidhmithe go comhsheasmhach agus nochta go fónta.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an t-eolas agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur bhreathnaigh mé a bheith riachtanach d'fhonn mé a sholáthar le fianaise fónta chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an bhfuil amhail mar thoradh ar chalaois nó mírialtacht nó botún eile. Agus mo thuairim á fhoirmiú agam, rinne mé luacháil freisin ar an leorgacht foriomlán de chuid léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim féin, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta Coitianta in Éireann, ar staid chúrsaí an Bhoird amhail ag 31 Nollaig 2009 agus dá ioncam agus caiteachas don bhliain arna chríochnú ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Meitheamh 2010

Ráiteas ar dhualgais an Bhoird

Faoi Alt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí go bhféadfadh a bheith formheasta ag an Aire Coimirce Sóisialaí le haontú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, tá sé de dhíth ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i ngnó
- aon scaradh ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Chomh maithe le sin tá an bord freagrach as ucht sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Dervla Tomlin
Ball den Bhord

10 Bealtaine 2010

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as ucht córas um rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird, admhaím ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta a thabhairt seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí coiscthe nó go mbeadh siad aitheanta in am tráthúil.

Príomh-ghnáthaimh rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chuí cheartaitheach
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta tiomnaithe a bhunú
- Coiste Riosca tiomnaithe a bhunú in 2009
- deighilt shoiléir a chruthú idir feidhmeanna an Bhoird agus feidhmeanna Feidhmiúcháin
- Cód Iompair a fhoilsiú do bhaill an Bhoird agus foireann an Bhoird Phinsean;
- iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlactha
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú, le haird ar chostais na rialuithe ar leith a fheidhmiú maidir leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'eolas bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas dáilte agus freagrachta. Go háirithe áirítear ann:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ina bhfuil buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Bord leis
- athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla á ndéanamh ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord – athbhreithnithe a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Mar a cuireadh i bhfeidhm in 2003 is í an fheidhm iniúchta inmheánach phríomh-ghné maidir leis an mBord a chur ar an eolas i leith éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánaigh faoi réir an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh eolas trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir agus tá cleachtadh anailíse lán riosca déanta maidir leis sin.

I rith 2009, rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas reatha bainistíochta riosca arb é a bhí mar thoradh air ná gur forbraíodh Clár Riosca Chorparáidigh agus Beartas Bainistíochta Riosca nuashonraithe.

Tá anailís riosca agus an iniúchadh inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus formheasta ag an mBord.

Mar a moladh sa Chód Cleachtais Athbhreithnithe do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, chinn an Bord Coiste Riosca tiomnaithe a bhunú a thuairisceodh go díreach don Bhord. Ceapadh an coiste seo, ar coiste buan de chuid an Bhoird atá ann, ar 2 Samhain 2009.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, tá monatóireacht déanta ag an mBord Pinsean, trí ghníomhaíocht leanúnach a Choiste Airgeadais agus Iniúchta, ar obair an Fheidhmeannaigh sa réimse um rialú airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh an Coiste na nithe seo a leanas:

- cuntais bhainistíochta rialta agus/nó tréimhsiúla, le hanailís agus míniú ar chlaontaí suntasacha ón mbuiséad;
- cuntais bhliantúla do 2008 agus míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2010
- athbhreithniú ar tháille na scéime pinsean gairme
- réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid
- tuairiscí inmheánacha iniúchta
- clár riosca nuashonraithe

Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2009 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais.



Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

10 Bealtaine 2010

Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta

Táthar tar éis na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ag déileáil le míreanna a nglactar leo mar nithe ábhartha i leith na ráiteas airgeadais.

a) Bonn ullmhúcháin ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe chomh maith faoi réir caighdeáin chuntasaíochta coitianta in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais tugtha i euro.

b) Ioncam táille

Léiríonn ioncam táille:

i) An méid a mheasann an Bord gur féidir a bhailiú maidir le Scéimeanna Pinsin Gairme sa bhliain. Tógann an meastachán seo fáltais airgid san áireamh de bhun éilimh eisithe agus tá réasúntacht an fhigiúir seo deimhnithe i gcoinne an ioncaim táille ceaptha bunaithe ar phróifíl ríomhaire an Bhoird dá chuid scéimeanna.

ii) Méideanna dlite maidir le feidhmiú, táirgeadh agus taillí bliantúla gearrtha ar sholáthraithe na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Tá táillí CCSP ríofa trí thagairt don líon de tháirgí formheasta cláraithe agus luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid atá curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun:

- costas na sochar aoisliúntais íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- na costais a bhaineann leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a ghlanadh
- cur le costais ábhartha eile

d) Cúlchiste caipitiúil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus luach neamh-amúchta an deontais Stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach ábhartha do riarachán CCSP. Amúchtar an cúlchiste seo ar aon dul le dímheas na sócmhainní cuí faighte.

e) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inbhraite taispeánta ar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach a bhfuil leis i ngach catagóir oiriúnach.

- Feabhsuithe léasacha 62/3% - 15 bliana
- Trealamh ríomhaireachta 25% - 4 bliana
- Troscán oifige 12½% - 8 mbliana
- Trealamh oifige 20% - 5 bliana

f) Léas oibríochta

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

g) Aoisliúntas

Bunaithe ar na socruithe seo mar a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 19 - socruithe atá i bhfeidhm ag an mBord i ndáil leis an scéim sochair shainmhínithe atá aige d'fhostaithe - is é tuairim an Bhoird nach bhfuil forálacha Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna sochair shainmhínithe, Infheidhme i ndáil lena imthosca féin.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i ndáil le hioncam agus caiteachas sa bhliain amhail is dá mba scéim sochair shainmhínithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam ag seasamh d'íocaíochtaí á fháil ar ais ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

h) Cúlchiste forfheidhmithe géillte

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht reachtúil rialála atá freagrach as comhlíonadh iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean 1990, arna leasú, a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le gníomhaíocht dhlíthiúil ó am go ham.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith le híoc ag an mBord as gníomhaíocht den chineál sin. Ní féidir braith roimh ré cathain a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh as, ach is é dearcadh an Bhoird gur chóir go leor acmhainní a bheith ar fáil nuair a tharlaíonn sé agus a leithéid do chostais a leathadh amach thar cúpla bliain.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmiúcháin comhlíonta ach a mbíonn a leithéid riachtanach.

Cuntas ioncaim agus caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Ioncam			
Táillí Scéime Pinsean Gairme		**4,753,170**	4,677,300
Táillí Chúntas Coigiltis Scoir Phearsanta		**878,218**	810,511
Deontas Stáit maidir le:			
Íocaíochtaí pinsean le baill foirne scortha		**142,664**	139,779
Costais Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean	*1*	**500,000**	1,000,000
Ioncam eile	*2*	**195,255**	360,404
Ioncam iomlán		**6,469,307**	6,987,994
Tarchuir ó cúlchiste caipitiúil CCSP		**52,665**	62,909
		6,521,972	7,050,903
Caiteachas			
Tuarastail, pinsin agus costais choibhneasta	*3 & 4*	**3,570,838**	3,253,817
Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird	*5*	**131,306**	137,426
Cíos agus costais oifige	*6*	**759,744**	767,147
Earcaíocht, traenáil agus oideachas	*7*	**99,706**	140,629
Eolas, taighde agus poiblíocht	*8*	**367,413**	1,029,590
Comhairliú agus táillí gairmiúla eile	*9*	**650,417**	922,293
Riarachán ginearálta	*10*	**345,543**	304,927
Dímheas	*11*	**177,850**	201,543
Caiteachas iomlán		**6,102,817**	6,757,372
Farasbarr don bhliain		**419,155**	293,531
Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir		**5,570,364**	6,476,833
Farasbarr don bhliain		**419,155**	293,531
Tarchur go dtí forfheidhmiúchán comhlíonta			
Cúlchiste	*16*	**–**	(1,200,000)
Cúlchiste ioncaim ar 31 Nollaig		**5,989,519**	5,570,364

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin pléite sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 22 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.





Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

10 Bealtaine 2010

Clár comhardaithe

ag 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2009 €	2008 €	2008 €
Sócmhainní seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	*11*		**599,300**		738,520
Sócmhainní reatha					
Féichiúnaithe	*12*	**689,954**		822,170	
Banc	*18*	**6,713,004**		6,009,488	
		7,402,958		6,831,658	
Fiachais reatha					
Méideanna na gcreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	*13*	**327,891**		262,301	
Glansócmhainní reatha			**7,075,067**		6,569,357
Sócmhainní iomlán			**7,674,367**		7,307,877
Maoinithe ag					
Cúlchiste forfheidhmithe géillte	*16*	**1,500,000**		1,500,000	
Cúlchiste caipitiúil CCSP	*15*	**184,848**		237,513	
Cúlchiste ioncaim		**5,989,519**		5,570,364	
			7,674,367		7,307,877

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 22 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.



Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

10 Bealtaine 2010

Ráiteas faoi shreabhadh airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	**2009 €**	**2008 €**
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta	*17*	**498,770**	(105,238)
Aischuir ó infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús faighte		**243,376**	295,433
Caiteachas caipitil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú		**(38,630)**	(37,021)
Bainistiú acmhainní leachtacha			
(Méadú)/laghdú i dtaiscí gearr-théarmacha		**(871,561)**	108,287
(Laghdú)/méadú in airgead tirim		**(168,045)**	261,461
Imréiteach sreabhadh airgid ghlain go gluaiseacht i nglanchistí	*18*		
(Laghdú)/Méadú in airgead tirim sa bhliain		**(168,045)**	261,461
Méadú/(laghdú) in dtaiscí gearrthéarmacha		**871,561**	(108,287)
Gluaiseacht i gcistí glana sa bhliain		**703,516**	153,174
Ciste glan ag 1 Eanáir		**6,009,488**	5,856,314
Ciste glan ag 31 Nollaig		**6,713,004**	6,009,488

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

1. Maoiniú agus costais Feachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Lean an Bord Pinsean, thar ceann an Rialtais, le FNFP in 2009. Leithdháil an Roinn Coimirce Sóisialaí €500,000 le leanúint le FNFP in 2009. Is é an príomhchuspóir atá le FNFP ná cur leis an tuiscint atá ag daoine ar phinsin agus é mar aidhm an cumhdach pinsin in Éirinn a mhéadú.

Caitheadh an dáileadh ar na príomh-chatagóirí seo a leanas:

	2009 €	2008 €
Eolas agus gníomhachtaí feasachta	**357,963**	902,655
Bainistíocht tionscadail	**96,858**	84,352
Riarachán	**34,435**	22,539
	489,256	1,009,546

2. Ioncam eile

	2009 €	2008 €
Ioncam úis	**182,406**	350,669
Foilseacháin	**450**	4,150
Ioncam ilghnéitheach	**12,399**	5,585
	195,255	360,404

3. Costas agus líon an bhfostaithe

B'ionann meán líon na bhfostaithe seachas an fhoireann ar chonradh don bhliain 2009 agus 37 (2008 - 39.5).
Seo a leanas na costais chomhiomlána fostaí agus ghaolmhara:

	2009 €	2008 €
Tuarastail	**2,561,305**	2,503,825
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra[1]	**671,363**	401,027
Ranníocaíochtaí ÍMAT an fhostóra	**191,812**	180,523
Sochair aoisliúntais iníoctha	**142,664**	139,779
Foireann Chonartha – ginearálta	**3,694**	28,663
	3,570,838	3,253,817

[1] *Féach nóta 19.*

Bhí Asbhaintí Gaolmhar le Pinsean Fostaí cothrom le €136,537 don bhliain ar fad agus aisíocadh an tsuim seo leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn míosúil.

4. Luach Saothair na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

	2009 €	2008 €
Tuarastal	**158,644**	157,750
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht[2]	**6,179**	14,190
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra[3]	**39,661**	26,281
	204,484	198,221

[2] *Bhain an íocaíocht leis an tréimhse ó 1 Eanáir 2008 go dtí 31 Nollaig 2008.*
[3] *Mhéadaigh an ráta ranníocaíochta ó 16.66% go 25% in 2009, féach nóta 19.*

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh na teidlíochtaí caighdeánacha a sholáthraítear i múnla na hearnála poiblí den scéim aoisliúntais sochair sainmhínithe.

5. Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird

	2009 €	2008 €
Táillí an Bhoird	**130,667**	136,743
Costais	**639**	683
	131,306	137,426

Táillí an Bhoird[4]

	2009 €	2008 €
Tiarnan O Mahoney – Cathaoirleach	**13,067**	14,000
Rosheen Callendar	**8,400**	9,000
Fergus Whelan	**8,400**	9,000
Marie Daly	**8,400**	9,000
Mary O'Donnell	**8,400**	9,000
Michael O'Halloran	**8,400**	9,000
Rosalind Briggs	**8,400**	9,000
Julian Caplin	**8,400**	9,000
John Dillane	**8,400**	9,000
Emer O'Flanagan	**8,400**	9,000
Gerry Ryan	**8,400**	9,000
Dervla Tomlin	**8,400**	9,000
Mary Wade	**8,400**	9,000
Niall Walsh	**8,400**	9,000
Michael Ryder	**8,400**	5,743
	130,667	136,743

[4] *10% laghdú ar tháillí le héifeacht ó 1 Bealtaine 2009.*

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

6. Cíos agus costais oifige

	2009 €	2008 €
Cíos	**568,474**	567,917
Táille seirbhíse	**52,264**	49,502
Rátaí	**64,107**	62,061
Leictreachas	**28,233**	28,941
Glantóireacht	**28,343**	30,618
Cothabháil ghinearálta	**13,787**	23,553
Stóras lasmuigh den suíomh	**4,536**	4,555
	759,744	767,147

Tá an Bord i seilbh áitribh ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain a thosaigh ar 16 lúil 2001.

7. Earcaíocht, traenáil agus oideachas

	2009 €	2008 €
Costais earcaíochta agus foirne	**34,315**	59,738
Traenáil agus oideachas	**65,391**	80,891
	99,706	140,629

8. Eolas, taighde agus poiblíocht

	2009 €	2008 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta	**251,565**	873,798
Clóbhualadh agus foilseacháin	**44,434**	93,111
Seastáin eolais agus seoltaí	**49,645**	45,776
Taighde	**21,769**	16,905
	367,413	1,029,590

9. Comhairliú agus táillí gairmiúla eile

	2009 €	2008 €
Comhairle dlí	**184,503**	404,794
Forbairt tionscadail[5]	**212,768**	50,061
Eolas agus caidrimh phoiblí	**83,518**	92,764
Imscrúduithe agus tacaíocht chomhlíonta	**82,941**	–
Táillí comhairlithe teicniúla/pinsin	**13,070**	297,384
Táillí iniúchta inmheánach	**17,010**	15,156
Táillí iniúchta reachtúla	**14,100**	15,000
Comhairliú earcaíochta	**2,994**	5,558
Eile	**39,513**	41,576
	650,417	922,293

[5] *Bhain costas 2009 le forbairt córas r-fhoghlama iontaobhaí agus athfhorbairt an tsuímh ghréasáin.*

10. Riarachán ginearálta

	2009 €	2008 €
Costais páipéarachais agus riaracháin	**91,566**	103,268
Guthán agus postas	**47,937**	48,261
Cothabháil ríomhaire agus ábhair inchaite	**119,050**	56,820
Taisteal agus maireachtáil	**26,833**	39,146
Árachais	**59,346**	56,202
Ús agus táillí	**811**	1,230
	345,543	304,927

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

11. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Feabhsuithe léasa €	Trealamh ríomhaire €	Troscán oifige €	Trealamh oifige €	Iomlán €
Costas nó Luacháil					
Ag 1 Eanáir 2009	1,157,692	805,874	200,144	122,604	2,286,314
Breiseanna sa bhliain	–	20,467	913	17,250	38,630
Diúscairtí sa bhliain	–	–	–	(17,424)	(17,424)
Ag 31 Nollaig 2009	**1,157,692**	**826,341**	**201,057**	**122,430**	**2,307,520**
Dímheas Carntha					
Ag 1 Eanáir 2009	605,600	655,950	179,861	106,383	1,547,794
Táille don bhliain	77,179	81,499	6,045	13,127	177,850
Diúscairtí sa bhliain	–	–	–	(17,424)	(17,424)
Ag 31 Nollaig 2009	**682,779**	**737,449**	**185,906**	**102,086**	**1,708,220**
Glanluach Leabhair					
Ag 31 Nollaig 2008	552,092	149,924	20,283	16,221	738,520
Ag 31 Nollaig 2009	**474,913**	**88,892**	**15,151**	**20,344**	**599,300**

12. Féichiúnaithe

	2009 €	2008 €
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Ioncam táille	**560,000**	570,000
Ús fabhraithe infhaighte	**43,905**	109,308
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	**75,126**	131,556
Féichiúnaithe eile	**10,923**	11,306
	689,954	822,170

13. Creidiúnaithe

	2009 €	2008 €
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Fabhruithe costais	**159,764**	115,374
Creidiúnaí cánach	**81,233**	76,585
Creidiúnaí RGST	**56,000**	34,000
Creidiúnaithe trádála	**30,894**	36,342
	327,891	262,301

14. Gealltanais airgeadais

(i) Gealltanais chaipitiúla

I mí Feabhra 2010, cheadaigh an Bord tairiscint a bhronnadh le hathsholáthar chóras reatha na scéime clárúcháin le Réiteach Nua Bainistíochta Sonraí faoi réir comhaontú conartha.

Is é €600,000 an luach measta atá luaite leis an gconradh seo (CBL san áireamh). Áiríonn an figiúr seo suim cothabhála trí bliana €138,000.

(ii) Léasanna oibríochta

Bhí tiomantais iníoctha ag an mBord sa 12 mhí amach romhainn faoi léasanna oibríochta neamh-incheallaithe:

	2009 €	2008 €
Léas ar chóiríocht oifige		
Dáta éagtha tar éis cúig bliana	**555,000**	555,000

15. Cúlchiste caipitiúil CCSP

	2009 €	2008 €
Ag tús na bliana	**237,513**	300,422
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Amúchadh – gnóthaithe an bhliain roimhe	**(52,665)**	(62,909)
Ag deireadh na bliana	**184,848**	237,513

16. Cúlchiste forfheidhmithe géillte

	2009 €	2008 €
Ag tús agus deireadh na bliana	**1,500,000**	300,000
Tarchur ó chúlchiste ioncaim	**–**	1,200,000
Ag deireadh na bliana	**1,500,000**	1,500,000

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

17. Réiteach an fharasbairr don bhliain d'airgead tirim glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta

	2009 €	2008 €
Farasbarr don bhliain	**419,155**	293,531
Míreanna neamh-oibríochta		
Ús faighte	**(243,376)**	(295,433)
Cáillteanas ó dhíolachán sócmhainne seasta	**–**	29
Míreanna neamh-airgid		
Tarchuir (ó) chúlchiste caipitil CCSP	**(52,665)**	(62,909)
Dímheas	**177,850**	201,543
Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe	**132,216**	(134,448)
Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe neamh-chaipitil	**65,590**	(107,551)
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta	**498,770**	(105,238)

18. Anailís na gcostas i gcistí glan

	Ag 1 Eanáir 2009 €	Sreabhadh airgid €	Ag 31 Nollaig 2009 €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	755,394	(168,045)	**587,349**
Taiscí gearrthéarmacha	5,254,094	871,561	**6,125,655**
	6,009,488	703,516	**6,713,004**

19. Láimhseáil cuntasaíochta sochar scoir[6]

Reáchtálann an Bord scéim pinsean sochair sainmhínithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus ceadaithe ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Airgeadais. Tá sochair phinsean iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Chomh maith leis sin, tá roinnt tréithe sainithe ag socruithe an Bhoird Phinsean:

- déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe a íoc leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- bíonn eilimint fhostaí mar aon le heilimint fhostóra i gceist sa ranníocaíocht seo. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhiomlán fostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhiomlán d'fhostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta D, ranníocaíochtaí a íocann an Bord
- tá tiomantas follasach ann ón Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Airgeadais, go mbeidh an Státchiste freagrach as costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Measanna an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag a chuid socruithe pinsean, ó thaobh an Bhoird de, mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe Tá sé den tuairim nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a éiríonn faoi scéimeanna sochair sainmhínithe oiriúnach dá chúinsí. Dá bhrí sin déanann siad cuntasaíocht dá ranníocaíocht faoi mar dá mbeadh sé ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe.

[6] *Féach nóta 3.*

20. Baill an bhoird – nochtadh idirbheart

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord le haghaidh fostaithe agus baill an bhoird faoi réir an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir a bhaineann le nochtadh leasa bhaill an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ó am go ham fostaíonn an Bord seirbhísí chomhairleoirí seachtracha le cáilíochtaí cuí chun oibreacha a dhéanamh d'fhonn cabhrú leis an mBord ina chuid oibre. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth-gnáthaimh forthairisceana, a fheidhmíonn tríd an seirbhís phoiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. De réir nádúr na hoibre is féidir leis an mBord socrú conartha a dhéanamh ina bhfuil baill den Bhord fostaithe nó a bhfuil suim eile acu ann.

I rith 2009, thabhaigh an Bord táillí atá iníoctha le tríú páirtithe, lena n-áirítear táillí dlí, i ndáil le seirbhísí gairmiúla cothrom le €650,417, CBL san áireamh. Níor bhain gné ar bith de na táillí a d'íoc an Bord le cuideachtaí a raibh leas ag baill Boird iontu nó a raibh baill Boird fostaithe iontu.

21. Cánachas

Tá an Bord díolúnach ó Cháin Chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

22. Formheas na ráiteas airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 10 Bealtaine 2010.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an Bord Pinsean faoi théarmaí tagartha na hAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998.

De réir na gceanglas atá leagtha amach in Alt 12 den Acht, is mian linn na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- deimhníonn an Bord go bhfuil sé ag comhlíonadh leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998
- tá sé de nós ag an mBord a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras
- íoctar na sonraisc ar fad beagnach laistigh de 30 lá ach iad a fháil
- i gcás conradh scríofa, íoctar sonraisc ar aon dul le téarmaí an chonartha
- lena chois sin, chuir an Bord córas ríomhairithe i bhfeidhm atá deartha d'fhonn a chinntiú gur comhlíonadh le forálacha íocaíochta an Achta
- sa chás gur ann do dhíospóid idir an Bord agus soláthraí, tá nós imeachta ann a chinntítear go ndéantar taifead ar theagmháil idir an Bord agus soláthraí, maidir leis an díospóid
- ní fhéadfaidh an nós imeachta dá dtagraítear ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh leis an Acht
- ní raibh íocaíochtaí déanacha ar bith ann in 2009, agus, dá réir sin, ní dhearnadh íocaíochtaí pionóis úis ar bith i rith na bliana.

In athuair, is mian liom a chur in iúl go bhfuilim sásta go bhfuil gníomhaíocht an Bhoird le déileáil leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, ag comhlíonadh leis an Acht.

Brendan Kennedy

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

10 Bealtaine 2010

Aguisíní

Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha – treoir léargais	40
Aguisín II – Fiosrúcháin faighte ag an mBord agus próifíl an fhiosraitheora	44
Aguisín III – Plean Gníomhaíochta Custaiméara (CAP)	46
Aguisín IV – Giorrúcháin	48

Aguisín I

AG TUAIRISCIÚ DUL CHUN CINN AR ÁR gCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA – TREOIR LÉARGAIS

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2009	Freagracht
RÁITEAS MISIN 1 **Slándáil agus cosaint ball scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta a chur chun cinn de réir Acht na bPinsean, 1990, arna leasú ("An tAcht").**		
(a) Aon athruithe reachtúla a bhfeabhsaíodh éifeachtacht an rialacháin agus/nó maoirseacht phinsin a mholadh tar éis na héifeachtaí dóchúla i gcomhthéacs na hAnailíse um Tionchair Rialála a chainníochtú.	I ndiaidh moladh ón mBord, leasaíodh rialacháin an chaighdeáin maoinithe le cead a thabhairt talamh nó foirgnimh a bhain leis an scéim pinsin a chur san áireamh nuair a bhí sócmhainní na scéime don chaighdeán maoinithe á gcur san áireamh. Bunaíodh rialacháin chun riachtanais a fhorchur ar iontaobhaithe chun faisnéis áirithe a sholáthar do bhaill scéime nuair a bhí bulc-aistriú ar bun ó scéim pinsean gan toiliú an bhaill.	Reachtaíocht
(b) Maoirseacht phinsin tráthúil leanúnach agus éifeachtach a chothabháil.	In 2009, thug an Bord faoi 3 ionchúiseamh agus d'eisigh sé fíneálacha ar an láthair do 51 iontaobhaí 18 scéim maidir le raon cionta faoin Acht.	Rialáil
(c) Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú phrionsabail an Rialtais um Rialáil Níos Fearr maidir le rialachán pinsean nua agus eiseach agus aon athruithe cuí a dhéanamh.	Tá an Bord ag leanúint lena réimeas rialála a fhorbairt de réir phrionsabail um Rialáil Níos Fearr.	Reachtaíocht
(d) Athbhreithniú agus athruithe cuí a dhéanamh ar phróisis maoirseachta na bpinsean laistigh den Bhord d'fhonn a chinntiú gur úsáid feidhmiúil agus éifeachtach iad seo d'acmhainní.	Tá acmhainní maoirseachta an Bhoird lonnaithe san Aonad Rialacháin.	Rialáil, Reachtaíocht, Polasaí
(e) Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí pionóis agus ionchúisimh an Bhoird agus aon athruithe cuí a dhéanamh d'fhonn an leibhéal comhlíonta is mó a chinntiú gan costais ró-mhór a thabhú.	Méadaíodh an téarma príosúnachta do shárú ar Alt 58A den Acht go dtí cúig bliana.	Reachtaíocht, Rialáil
(f) Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachán agus maoirseacht infheistíochta agus moladh a dhéanamh ar aon athruithe reachtúla cuí d'fhonn a chinntiú go dtacaíonn infheistíocht cuspóirí an mhaoinithe pinsean.	Chuir an Bord comhairle ar an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi na srianta ar infheistíocht chainníochtúil a bhí riachtanach a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 18 (1) (f) de Threoir IORPs.	Reachtaíocht
(g) Maoirseacht ghrúpaí ar Chonarthaí Blianachtaí Scoir a chur in áit.	Tá RAC Iontaobhaí faoi réir rialachán an Bhoird.	Reachtaíocht
(h) Deireadh a chur le cinntí polasaí a thagann chun cinn ó Threoir AE na bPinsean agus cur le moltaí le haghaidh Treoracha AE eile agus tionscnaimh atá bainteach le pinsin.	Bhí ionadaíocht ag an mBord ag cruinnithe CEIOPS agus OPC. Toghadh Príomhfheidhmeannach an Bhoird mar chathaoirleach ar OPC i rith 2009. Ghlac an Bord le ról tosaigh i líon áirithe tionscadal a bhain le gníomhaíocht trasteorann ar nós athbhreithniú ar dhlí sóisialta agus saothair Eorpach agus ar Phrótacal Bhúdaipeist, rud a bhí mar bhonn le foilsiú shuirbhé agus Phrótacal Athbhreithnithe Bhúdaipeist.	Reachtaíocht, Polasaí

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2009	Freagracht
(i) Cur le fóraim mhaoirseachta AE agus idirnáisiúnta (ar a dtugtar CEIOPS agus a pháirtithe oibre) ar mhaithe le malartú faisnéise agus comhoibriú i measc rialtóirí/maoirseoirí pinsin an AE ar mhaithe le maoirseacht pinsin a thabhairt le chéile agus dea-chleachtais a fhorbairt.	Comhlánaíodh roinnt ceistneoirí CEIOPS maidir le gnéithe áirithe de phinsin ar aon dul le Treoir IORPs. Rinneadh ionadú ar an mBord ag cruinnithe ábhartha de chuid CEIOPS, OECD agus OPC i rith 2009.	Polasaí
(j) Na próisis chuí a chur in áit ar mhaithe le gnó pinsean trasteorann.	Fuair an Bord dhá iarratas ar údarú trasteorann in 2009.	Rialáil
(k) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Maoinithe Reachtúil d'fhonn cothromaíocht réasúnta a chinntiú idir fostóirí a éascú scéimeanna sochair sainmhínithe a chothabháil agus ábhair spéise a mball a chosaint.	D'fhonn deis a thabhairt do scéimeanna leasuithe ar cuireadh tús leo tríd an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean a chur san áireamh, chuir an Bord leis an spriocdháta a bhí luaite le scéimeanna sochair shainithe a raibh sé riachtanach tograí airgeadais a sholáthar leo.	Polasaí
(l) Ról an Bhoird maidir le córas d'obair reachtúil pinsean achtúireach a bhunú.	In 2009, lean an Bord lena ról comhaontaithe a chomhlíonadh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar obair reachtúil pinsean achtúireach.	Polasaí
(m) Dul i gcomhairle leis an Rialtóir Airgeadais agus é mar aidhm bearnaí nó dúbailt oibre a sheachaint agus comhoibriú cuí a chinntiú.	Leanadh le cruinnithe leis an Rialtóir Airgeadais i rith 2009 chun ceisteanna a bhfuil spéis ag dá dhream iontu a phlé.	Polasaí
(n) Comhairle a thabhairt ar aon athruithe reachtúla atá ag teastáil maidir le haon scéimeanna pinsean a d'fhéadfadh a bhaint ón liosta i Sceideal C de na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Gairme (Caighdeán Maoinithe) 1993, agus aon athruithe dá leithéid a chur i bhfeidhm.	Cuireadh tús le rialacháin le héifeacht ón 1 Lúnasa 2008 a thug an liosta i Sceideal C de Chuid IV den Acht suas chun dáta.	Polasaí
(o) Scrúdú a dhéanamh ar chumhachtaí forfheidhmithe an Bhoird Phinsean in Acht na bPinsean agus aon athruithe a dhéanfadh iad seo níos éifeachtaí a mholadh.	Leasaigh Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009 Alt 3 den Acht ionas go bhféadfaí inghlacthacht ar fhianaise duillín pá a cheadú agus go bhféadfaí an téarma príosúnachta a bhain le sárú Alt 58A a mhéadú go cúig bliana.	Reachtaíocht
(p) Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar reachtaíocht reatha chun a chinntiú go leanann sí a bheith éifeachtach.	Lean ar aghaidh an t-am ar fad ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar reachtaíocht eiseach. In 2009 achtaíodh Rialacháin Nochta a bhain le bulc-aistrithe gan toiliú na mball.	Reachtaíocht
(q) Páirt ghníomhach a ghlacadh in ullmhúchán aon athruithe reachtúla agus rialúcháin riachtanacha.	D'oibrigh an Bord leis an Roinn Coimirce Sóisialaí le hathruithe agus rialacháin reachtúla a fhorbairt.	Rialáil

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2009	Freagracht
RÁITEAS MISIN 2 **Chun forbairt na struchtúr pinsean náisiúnta éifeachtacha a chur chun cinn.**		
(a) Cinntí atá le bheith tógtha ag leibhéal náisiúnta a spreagadh agus a thacú mar fhreagra ar an Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean.	Ceisteanna ar déileáladh leo sa Chreat Náisiúnta Pinsean foilsithe ag an Rialtas i mí an Mhárta 2010.	Polasaí
(b) Imscrúdú a dhéanamh ar réimsí a nochtar san Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean le breathnú agus plé breise agus tabhairt faoi aon ghníomh bhreise orthu siúd a measann an Bord le bheith oiriúnach fad is a bhfuil sé meabhrach de fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Ceisteanna ar déileáladh leo sa Chreat Náisiúnta Pinsean foilsithe ag an Rialtas i mí an Mhárta 2010.	Polasaí
(c) Tuairisciú don Aire Coimirce Sóisialaí maidir le prionsabail chóras pinsean éigeantaigh nó gar-éigeantaigh agus moladh a dhéanamh maidir le córas feiliúnach do phobal na hÉireann.	Ceisteanna ar déileáladh leo sa Chreat Náisiúnta Pinsean foilsithe ag an Rialtas i mí an Mhárta 2010.	Polasaí
(d) Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid an struchtúir Iontaobhais mar an gcóras rialachais is éifeachtaí do scéimeanna pinsean.	Tá an t-athbhreithniú ar an struchtúr iontaobhaí críochnaithe.	Polasaí
(e) Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscanaimh agus forbairtí polasaí pinsean de chuid an AE, OECD agus cinn idirnáisiúnta eile, ar mhaithe le struchtúir pinsean náisiúnta na hÉireann.	I rith 2009 ghlac an Bord páirt ghníomhach trí mheán freastail ar chruinnithe ábhartha agus chur i láthair a sholáthar le haghaidh roinnt mhaith cruinnithe.	Polasaí
(f) Ionchur don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le saincheisteanna dlí teaghlaigh a bhaineann le pinsin.	Lean an Bord ag obair i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le ceisteanna pinsin, an Bille um Páirtnéireacht Shibhialta san áireamh.	Polasaí
(g) Ionchur don Roinn Airgeadais agus Ioncam faoi aon saincheist cánach a bhaineann le pinsin.	Reáchtáladh cruinnithe rialta i rith 2009 chun ábhair imní a aithint, go háirithe i ndáil le Scéim Íocaíochta Sócmhainneachta Pinsean.	Polasaí
(h) Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna pinsean in 2008.	Lean an Bord ag obair leis an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le foilsiú mhodúl pinsin an tSuirbhé Náisiúnta Fostaíochta. Tá eolas faoi seo le foilsiú i rith 2010.	Polasaí
(i) Iniúchadh a dhéanamh, i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, ar an bhféidearthacht a bhaineann le tús a chur le seirbhís rianaithe sochar pinsean náisiúnta.	Ceisteanna ar déileáladh leo sa Chreat Náisiúnta Pinsean foilsithe ag an Rialtas i mí an Mhárta 2010.	Polasaí

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2009	Freagracht
RÁITEAS MISIN 3 **Chun leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin a chur chun cinn – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir dóthanach a bheith acu.**		
(a) Eolas a chur ar fáil do gheallsealbhóirí pinsin trí foilseacháin, suíomh gréasáin agus seirbhís fiosrúcháin.	Lean an Bord le feabhas a chur ar sheachadadh a sheirbhísí faisnéise ar líne. Tá na leabhráin eolais ar fad faoi phinsin le fáil saor in aisce agus ar líne ag *www.pensionsboard.ie*	Eolas
(b) Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a eagrú a bheidh urraithe ag an Rialtas.	D'éirigh leis an mBord Feachtas Feasachta Náisiúnta Pinsean a reáchtáil thar ceann an Rialtais in 2009. Ba é an phríomhaidhm a bhí acu don bhliain ná daoine a spreagadh le spéis a chur ina gcuid pinsean.	Eolas
RÁITEAS MISIN 4 **Chun eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do na páirtithe ábhartha mar thacaíocht do shlándáil, struchtúir agus páirteachas pinsean.**		
(a) Socrú a dhéanamh d'iompar suirbhéanna rialta faoi chlúdach pinsean in Éirinn.	D'oibrigh an Bord i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar shuirbhé an mhodúil iomláin pinsin a rinneadh sa tríú ráithe mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil. Rinneadh suirbhé iomlán pinsin in 2008 mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta. Tá an suirbhé seo le foilsiú i rith 2010.	Polasaí
(b) Réimsí taighde pinsean agus eolas staitistiúil atá riachtanach a aithint agus meicníochtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe leo seo.	Bhí an Bord ag obair i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun eolas áirithe a thiomsú agus a roinnt.	Polasaí
(c) Eolas a sholáthar d'eagraíochtaí náisiúnta nó thar lear ag a bhfuil suim i struchtúr pinsean na hÉireann.	Cuireadh eolas maidir le pinsin ar fáil d'eagraíochtaí nuair a iarradh air agus nuair a raibh an t-eolas ar fáil.	Polasaí
(d) Tacaíocht a thabhairt don chuspóir náisiúnta chun Éire a chur chun cinn mar ionad do phinsin uile-Eorpach agus trasteorann.	In 2009, leanadh le hionadaíocht an Bhoird ar ghrúpa oibre chistí pinsean IFSC, grúpa oibre a bhí ag feidhmiú faoi choimirce Roinn an Taoisigh.	Polasaí

Aguisín II

FIOSRÚCHÁIN FAIGHTE AG AN mBORD AGUS PRÓIFÍL AN FHIOSRAITHEORA

Próifíl na bhfiosraitheoirí

I rith 2009, dhéileáil na Seirbhísí Faisnéise le 7259 glaoch, litir agus r-phost. Bíonn níos mó ná ceist amháin ag roinnt fiosraitheoirí agus, dá bhrí sin, sháraigh an líon fiosrúchán (8,111) an líon fiosraitheoirí (7,259). Tá laghdú le tabhairt faoi deara sa líon fiosrúchán do 2009, arb é is cúis leo ná méadú sa líon cuairteanna a tugadh ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Tá léargas le fáil ar phróifíl an fhiosraitheora sa chairt anseo thíos. Áirítear faoin gceannteideal 'Eile' (13%) ionadaithe poiblí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí rialtais, mic léinn taighde, na meáin, custaiméirí leasa shóisialaigh agus an pobal i gcoitinne.

Próifíl na bhfiosraitheoirí



Nádúr na bhfiosrúchán

Rinneadh 8111 fiosrúchán ar fad in 2009, mar atá anseo thíos:

Nádúr na bhfiosrúchán	Líon na bhfiosrúchán	%
An Bord Pinsean – Ról & Feidhmeanna	396	5%
Foilseacháin – Saor in Aisce	467	6%
Foilseachán – Síntiús	31	0%
Caomhnú	405	5%
Caighdeán Maoinithe	207	3%
Nochtadh	2849	35%
Dualgais Iontaobhaithe	274	3%
Cóireáil Chomhionann Pinsin	20	0%
Riarthóirí Cláraithe	74	1%
CCSP	536	7%
Scéimeanna Trasteorann	8	0%
Eile	520	6%
Roinn Coimirce Sóisialaí/GSAP	2083	26%
CWPS	166	2%
Tuairisciú éigeantach & dheonach	1	0%
Ráitis	67	1%
Gearáin	7	0%

Áirítear sa Chatagóir “Eile” fiosrúcháin a bhaineann leis an suíomh gréasáin, áireamhán pinsean, CWPS, aistriú gnóthas agus nithe ar bith eile.

An modh fiosrúchán

Modh	Líon na bhfiosrúchán	%
Teileafón	5813	72%
Rphost	2021	25%
Litreacha	192	2%
Cruinniú	80	1%

Aguisín III

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CUSTAIMÉARA (CAP)

Caighdeáin seirbhíse ardchaighdeáin

- Tá Cairt Chustaiméirí an Bhoird ina bhfuil léargas le fáil ar riachtanais na gcustaiméirí foilsithe ar an suíomh gréasáin agus ar taispeáint in oifigí an Bhoird. Tá ár CAP ar fáil freisin i bhfoirm leabhráin agus ar líne.
- Cuireadh cártaí barúla ar fáil i bhfáiltiú an Bhoird agus ar líne.
- Buaileann grúpa athbhreithnithe an tsuímh ghréasáin le chéile go rialta agus cinntítear go bhfuil suíomh gréasáin an Bhoird suas chun dáta agus go bhfuil sé ábhartha, cruinn agus furasta le húsáid.
- Déantar an dul chun cinn ar na tionscnaimh atá imlínithe sa CAP a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ag foireann bhainistíochta an Bhoird.

Comhionannas/éagsúlacht

- Cinntíonn an Bord go bhfuil béim ann i gcónaí ar thorthaí cóireála comhionann agus cothrom le haghaidh ár gcustaiméirí go léir. Comhlíontar an méid seo trí oiliúint leanúnach cúram custaiméirí don fhoireann.
- Tugtar modúl faoi chomhionannas ó pheirspictíocht na bhfostaithe in oiliúint insealbhaithe chun an fhoireann a dhéanamh meabhrach faoi na naoi bhfearann éagóracha a chlúdaítear i reachtaíocht comhionannais fhostaíochta.

Rochtain fhisiciúil

- Coimeádtar oifig an Bhoird ar shlí a chinntíonn go mbíonn spás slán agus sábháilte ag cuairteoirí agus ag an bhfoireann araon agus iad in áitreabh an Bhoird.

Eolas

- Tá an Bord ag leanúint le cur lena thiomantais eolas a sholáthar do chustaiméirí ar shlí mar atá sonraithe i gCairt Chustaiméirí an Bhoird.
- Tá uimhir Ghlao Áitiúil ag an mBord (1890 65-65-65) le cabhrú le custaiméirí lena gcuid fiosrúchán.

Tráthúlacht agus cúirtéis

- Táthar ag cloí le na hamanna slánúcháin do chomhfhreagras leis an mBord, de réir mar atá forordaithe ina Chairt Chustaiméara.

Gearáin

- Thug an Bord foirm ghearáin isteach agus chuir sé córas taifeadta le haghaidh barúlacha agus gearáin i bhfeidhm mar chuid dá Chairt Chustaiméara.

Luacháil comhairlithe

- Chuaigh an Bord i gcomhairle lena chustaiméirí trí cheistneoir suirbhé custaiméara a eisiúint as a dtáinig an fhorbairt dá chairt custaiméara. Léirigh an suirbhé custaiméara leibhéal sásaimh chustaiméara maith.
- Cuireadh torthaí an tsuirbhé custaiméara in éineacht le tionscnaimh oiliúna agus forbartha le haghaidh foireann an Bhoird.

Rogha

- Cuireann an Bord na roghanna is fearr ar fáil do chustaiméirí i dtéarmaí modhanna íocaíochta agus seachadta seirbhísí i gcoitinne, ina n-áirítear baincéireacht ar líne.
- Tá an reachtaíocht um íoc pras cuntas fós á shásamh ag an mBord.

Comhionannas na dteangacha oifigiúla

- Tá sé mar aidhm ag an mBord cloí le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Tá seirbhísí ar an suíomh gréasáin a d'fhéadfaí a sholáthar as Gaeilge á aithint.
- Tá oiliúint sa Ghaeilge ar fáil don fhoireann ar fad freisin.

Comhordú níos fearr

- Tá cruinnithe rialta fós á reáchtáil ag an mBord leis na comhlachtaí ionadaithe agus le Ranna/gníomhaireachtaí Rialtais.

Custaiméir inmheánach

- Táthar ag tabhairt aghaidh ar na riachtanais oiliúna agus forbartha atá ag teacht chun cinn ón Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ar bhonn leanúnach.
- Leantar ag comhlíonadh riachtanais an Bhoird faoin reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteacht.
- Tagann an Coiste Comhpháirtíochta le chéile go rialta agus feidhmíonn sé go maith mar fhóram trínar féidir leis an bhfoireann agus an lucht bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht reatha agus tionscnaimh nua a fhorbairt.
- Glacann baill foirne an Bhoird páirt i gcruinnithe rialta foirne, ,ar aon le cruinnithe rialta i rith na bliana chun eolas a thabhairt don fhoireann ar na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an mBord agus feidhmiú an Bhoird.
- Reáchtáiltear athbhreithniú rialta deireadh bliana, caitear súil chun cinn mar aon le cruinniú ginearálta foirne i mí na Nollag.

Aguisín IV

GIORRÚCHÁIN

AFC	Teastas Maoinithe Achtúireach
RDB	Ranníocaíocht Deonach Bhreise
Bord	An Bord Pinsean
CAP	Plean Gníomhaíochta Custaiméara
CEIOPS	Coiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí
AE	Aontas Eorpach
Treoir IORPs	Treoir 2003/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus Ón gComhairle de 3 Meitheamh 2003 faoi ghníomhaíochtaí agus mhaoirseacht na n-institiúidí um fhoráil scoir ghairme
IORPs	An Institiúid um Sholáthar Scoir Ghairme
FNFP	Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean
TPPN	Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta
NPR	Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean
OECD	Eagraíocht um Chomhar & Fhorbairt Eacnamaíochta
OPC	Coiste na bPinsean Gairme
an tAcht	Acht na bPinsean, 1990, arna leasú,
CBFF	Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
CCSP	Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta
SCA	Seirbhís Chustaiméara Ardchaighdeáin
RAanna	Riarthóirí Cláraithe
RACanna	Conarthaí Blianachta Scoir
RIA	Anailís um Thionchar Rialála

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Glao Áitiúil: 1890 65 65 65

www.pensionsboard.ie

ISSN 1649 8690